An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Nóta Treorach:

## Bunús Dlí le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil

Nollaig 2019

# Clár an Ábhair

**Forléargas** .......... **2**
Cearta na n-Ábhar Sonraí .......... 3
Prionsabail Cosanta Sonraí .......... 4
Trédhearcacht .......... 5
Riachtanas .......... 5
Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta .......... 6
**Toiliú** .......... **7**
Cad atá i gCeist le Toiliú? .......... 7
Toiliú Linbh .......... 9
Toiliú a Léiriú .......... 9
Toiliú a Tharraingt Siar .......... 10
**Conradh** .......... **11**
Sula nDéantar Conradh .......... 11
Riachtanas agus Conarthaí a Chomhlíonadh .......... 12
Sa chás go mbíonn Conradh Teoranta mar Bhunús Dlí .......... 12
**Oibleagáid Dhlíthiúil** .......... **14**
Cad atá i gCeist le hOibleagáid Dhlíthiúil? .......... 14
Cad atá Riachtanach chun Oibleagáid Dhlíthiúil a Chomhlíonadh .......... 15
**Leasanna Ríthábhachtacha** .......... **16**
Cé leis a mbaineann na Leasanna Ríthábhachtacha atá Ábhartha? .......... 16
Riachtanas agus Cásanna Éigeandála .......... 17
Cad is ‘Leasanna Ríthábhachtacha’ ann? .......... 17
**Cúram Poiblí** .......... **18**
Cén Cineál Cúramaí atá ar mhaithe le Leas an Phobail? .......... 19
Riachtanas, Comhréireacht agus Íoslaghdú .......... 19
Cé acu Rialaitheoirí atá in ann Brath ar an mBunús seo? .......... 20
**Leasanna Dlisteanacha** .......... **21**
Cé na Cineálacha Leasanna Dlisteanacha atá Clúdaithe? .......... 22
Riachtanas agus Leasanna Dlisteanacha .......... 23
An Tástáil maidir le Cothromú .......... 23
**Tuilleadh Próiseála** .......... **25**
**Críocha Forfheidhmithe Dlí** .......... **26**

# Forléargas

Ar cheann de na chéad cheisteanna nach mór d'eagraíochtaí atá bainteach le sonraí pearsanta a phróiseáil a chur orthu féin ('na rialaitheoirí') sula dtugann siad faoin bpróiseáil, tá, "*cén cúis atá agam nó cén t-údar atá agam le sonraí pearsanta a phróiseáil*"?" Baineann tábhacht as cuimse leis seo mar gheall nach bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dleathach ach amháin nuair atá 'bunús dlí' leis an bpróiseas. Leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) an bunús dlí féideartha seo, eadhon: toiliú; conradh; oibleagáid dhlíthiúil, leasanna ríthábhachtacha; cúram poiblí; nó leasanna dlisteanacha.[1][1]

**Airteagal 6 den GDPR, Dleathacht na próiseála;**

**1.** Ní bheidh an phróiseáil dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, le ceann díobh seo a leanas ar a laghad:

- **a)** tá toiliú tugtha ag an duine is ábhar do na sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil chun ceann amháin nó níos mó de chríocha sonracha;
- **b)** is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh ar páirtí ann an duine is ábhar do na sonraí a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh;
- **c)** is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh;
- **d)** is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an duine is ábhar do na sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint;
- **e)** is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir;
- **f)** is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an duine is ábhar do na sonraí, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe más leanbh é an duine is ábhar do na sonraí.

Ní mór do gach rialaitheoir cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbunús dlí ar a bhfuil siad ag brath ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil aon phróiseáil a dtugann siad faoi dleathach. Níl **aon ordlathas** nó an rogha is fearr laistigh den liosta seo, ina ionad sin, ní mór gach cás próiseála a bheith bunaithe ar an mbunús dlí **is cuí** sna himthosca sonracha.

Ní mór go dtuigfidh rialaitheoirí go bhféadfadh níos mó ná aon bhunús dlí amháin a bheith infheidhme sa chás go ndéantar na sonraí pearsanta céanna a phróiseáil ar mhaithe le níos mó ná aon chríoch amháin. Sa bhreis air sin, tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nach **'toiliú'**, atá ar an gceann is fearr a bhfuil aithne air, **ar an aon bhunús dlí** atá le próiseáil – nó fiú amháin ar an gceann is cuí in go leor cásanna.

Leagtar amach in Airteagal 6 den GDPR freisin gur féidir le tíortha dlíthe a thabhairt isteach ag leibhéal náisiúnta chun tuilleadh rialaithe nó glacadh le ceanglais maidir le bunús dlí, mar a rinneadh in Acht um Chosaint Sonraí 2018 ('Acht 2018')[2]. Cuireann an GDPR an deis ar fáil freisin sa chás go bhfuil coinníollacha áirithe á gcomhlíonadh go bhféadfaidh rialaitheoirí sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha seachas na críocha ar bailíodh iad an chéad lá riamh, mar a ndéantar

[1] Féach freisin Réamhaithris 39 agus 40 den GDPR; leagtar amach i Réamhaithris 39 nach mór go mbeidh aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta dleathach agus cothrom agus i Réamhaithris 40 déantar tuilleadh soiléiriú air ionas go mbeidh an phróiseáil ag comhlíonadh an cheanglais dlíthiúlachta sin, ní mór go mbeidh sonraí pearsanta a phróiseáil de réir ceann de na bunúis dlí seo.

[2] Féach, mar shampla, alt 38 ar phróiseáil ar chúram a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil, nó alt 42 chun críocha cartlainne ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíochta nó staire nó staidrimh.

tuilleadh plé air thíos faoin gceann teideal 'Tuilleadh Próiseála'.

Tá sé mar aidhm go príomha leis an treoir seo cuidiú le rialaitheoirí **an bunús dlí ceart a aithint** ó thaobh próiseáil ar bith a dhéantar ar shonraí pearsanta a dtugann siad faoi nó a bhfuil sé beartaithe acu tabhairt faoi – agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an mbunús sin. Chomh maith leis sin, ba chóir go gcuideodh an treoir seo le daoine aonair a bhféadfadh próiseáil a bheith á dhéanamh ar a gcuid sonraí pearsanta ('na hábhair sonraí') ar mhaithe lena aithint cibé a bhfuil próiseáil a gcuid sonraí pearsanta dleathach nó nach bhfuil, agus, mar chuid de sin, cén bunús dlí a d'fhéadfadh a bheith leis an bpróiseáil sin.

Dírítear, go príomha, sa treoir seo ar an mbunús dlí don phróiseáil a chlúdaítear sa GDPR; mar sin féin, d'fhéadfadh rialaitheoirí áirithe próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta a thagann lasmuigh de scóip an GDPR, agus ina ionad sin tagann siad faoi scóip na **Treorach um Fhorfheidhmiú an Dlí (LED)** (agus Cuid 5 d'Acht 2018 a aistríonn an Treoir go dlí na hÉireann). Déanfar cur síos gairid thíos ar na réamhriachtanais le sonraí pearsanta a phróiseáil faoin LED, faoin gceannteideal 'Forfheidhmiú an Dlí'.

## Cearta na n-Ábhar Sonraí

Níl feidhm le roinnt de na cearta sonracha a dheonaítear do na hábhair sonraí faoi GDPR ach amháin nuair a bhíonn údar maith leis an bpróiseáil trí bhunús dlí áirithe. Tugtar léiriú sa tábla thíos ar bhreac-chuntas ginearálta maidir leis na cearta a bheidh infheidhme nuair a dhéantar próiseáil ar shonraí pearsanta faoi bhunúis dlí difriúla.

| | Ceart Rochtana | Ceart Ceartaithe | Ceart Scriosta | Ceart Srianta | Ceart Iniomparthachta | An Ceart chun Agóid a Dhéanamh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Toiliú** | □ | □ | □ | □ | □ | **~** Is féidir toiliú a tharraingt siar |
| **Conradh** | □ | □ | □ | □ | □ | □ |
| **Oibleagáid Dhlíthiúil** | □ | □ | □ | □ | □ | □ |
| **Leasanna Ríthábhachtacha** | □ | □ | □ | □ | □ | □ |
| **Cúram Poiblí** | □ | □ | □ | □ | □ | □ |
| **Leasanna Dlisteanacha** | □ | □ | □ | □ | □ | □ |

Ba chóir a thabhairt ar aird freisin, go bhféadfadh ceanglais nó srianta eile a bheith i gceist, áfach, maidir le roinnt de chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí atá liostaithe thuas, ach, mar chéad chéim, ní mór do rialaitheoirí breithniú a dhéanamh cé acu cearta a d'fhéadfadh a bheith infheidhme ar an gcéad dul síos nuair atá siad i mbun measúnaithe ar a gcuid oibleagáidí maidir le cosaint sonraí. Sa bhreis air sin, tá an ceart ag daoine aonair i gcónaí agóid a dhéanamh ó thaobh próiseáil a sonraí pearsanta chun críocha margaíocht dírí, beag beann ar cibé bunús dlí is infheidhme.

D'fhéadfadh rialaitheoirí breithniú a dhéanamh ar an gceist cé acu cearta is infheidhme faoina bunúis dlí difriúla agus iad i mbun measúnaithe ar cibé bunús dlí atá cuí i leith cuspóir áirithe próiseála, ach **níor chóir dóibh a bheith rannpháirteach i bhfeidhmiú roghnaitheach** bunús dlí leis an ualach ó thaobh comhlíonadh a laghdú agus le **leibhéal cosanta** na ndaoine is ábhar do na sonraí **a ísliú**.

## Prionsabail Cosanta Sonraí

Níl i gceist le bunús dlí ach breithniú amháin nach mór do rialaitheoirí a thabhairt ar aird agus iad i mbun measúnaithe ar dhlíthiúlacht aon phróiseáil ar shonraí pearsanta atá idir lámha acu. Ní mór do rialaitheoirí a chinntiú freisin go mbeidh próiseáil ar bith a dhéantar **ag comhlíonadh prionsabail cosanta sonraí** mar a leagtar amach in Airteagal 5 den GDPR, eadhon: dlíthiúlacht; cothroime agus trédhearcacht; teorannú de réir cuspóra; íoslaghdú sonraí; cruinneas; teorannú stórála; sláine agus rúndacht (slándáil); agus cuntasacht.

Tá comhlíonadh na bprionsabal bunúsach seo maidir le cosaint sonraí ar an gcéad chéim do rialaitheoirí ó thaobh a chinntiú go bhfuil a gcuid oibleagáidí á gcomhlíonadh acu faoin GDPR, agus cabhróidh siad le rialaitheoirí freisin lena chinntiú go bhfuil bunús dlí bailí acu le haon phróiseáil a dtugann siad faoi.

Tá prionsabal na **dlíthiúlachta, cothroime agus trédhearcachta** tábhachtach go háirithe ó thaobh na ceiste maidir le bunús dlí, mar go bhfuil bunús dlí a bheith ann ar phríomh-comhábhar riachtanach le próiseáil a bheith 'dlíthiúil'. Mar a dhéantar tuilleadh plé ar thíos, faoi cheannteideal 'Trédhearcacht', ní mór do rialaitheoirí faisnéis atá soiléir agus trédhearcach a sholáthar do dhaoine aonair maidir le cuspóir nó cuspóirí, a bhaineann le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta agus an bunús dlí nó na bunúis dlí atá leis an bpróiseáil sin a dhéanamh.

Beidh an bunús dlí le próiseáil sonraí pearsanta ceangailte go dlúth le cuspóir na próiseála sin, agus ar an gcaoi sin beidh ról tábhachtach ag an bprionsabal **teorannú de réir cuspóra** ó thaobh a chinntiú go bhfuil bunús dlí bailí leis an bpróiseáil. Níor chóir sonraí pearsanta a bhailiú ach amháin do chríocha sonracha, follasacha agus dlisteanacha agus gan próiseáil bhreise a dhéanamh orthu ar bhealach atá neamh-chomhoiriúnach leis na críocha sin. Go háirithe, ní mór go mbeidh na críocha sonracha dá bhfuil na sonraí pearsanta á bpróiseáil follasach agus dlisteanach agus socraithe ag an tráth a mbailítear na sonraí pearsanta.

Mar a chéile leis an bprionsabal teorannú de réir cuspóra, beidh ról tábhachtach ag an bprionsabal **íoslaghdú sonraí** ó thaobh measúnú a dhéanamh go díreach maidir le cén próiseáil a bhfuil údar maith léi de réir bunús dlí áirithe, chomh maith le ceist an **'riachtanais'**, atá mar phríomhghné d'fhormhór na mbunús dlí. Ní mór go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil. D'fhéadfadh sé nach mbeadh bunús dlí bailí ag sonraí pearsanta a ndéantar próiseáil orthu a théann níos faide ná na teorainneacha sin.

Ní mór do rialaitheoirí a chinntiú, mar chuid den teorannú stórála, go bhfuil an prionsabal maidir le **teorannú stórála** á chomhlíonadh, ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil sonraí pearsanta á gcoinneáil i bhfoirm nach gceadaítear léi na daoine is ábhar do na sonraí a shainaithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach. Ar mhaithe lena cinntiú nach bhfuil sonraí pearsanta á gcoinneáil níos faide ná mar is gá, ní mór do rialaitheoirí teorainneacha ama a chruthú do scriosadh nó d'athbhreithniú tréimhsiúil.

Ar deireadh, tá na rialaitheoirí freagrach as, agus ní mór go mbeidh ar a chumas/ar a cumas comhlíontacht a léiriú leis na prionsabail cosanta sonraí go léir, ag teacht le **prionsabal na cuntasachta**. Ní mór do rialaitheoirí freagracht a ghlacadh as an bpróiseáil a dhéanann siad ar shonraí pearsanta agus ar an mbealach ina bhfuil siad ag comhlíonadh an GDPR, agus a bheith in ann a

gcomhlíontacht a léiriú (trí thaifid agus trí bhearta cuí), go háirithe leis an DPC. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na prionsabail seo le fáil sa treoir ar na prionsabail cosanta sonraí arláithreán gréasáin an DPC.

## Trédhearcacht

Mar atá pléite thuas, ní mór do rialaitheoirí a chinntiú go mbíonn siad trédhearcach ó thaobh na próiseála a dtugann siad fúithi ar mhaithe lena gcomhlíontacht leis an gcéad phrionsabal maidir le cosaint sonraí, eadhon, nach mór don phróiseáil go léir a bheith dlíthiúil, cothrom agus trédhearcach.

Ní mór go mbeidh sé trédhearcach do dhaoine aonair go bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leo á mbailiú, á n-úsáid, go dtéitear i gcomhairle leo nó go ndéantar iad a phróiseáil ar bhealach eile nó a mhéid a bhfuil nó a mbeidh próiseáil á dhéanamh ar na sonraí pearsanta. Éilíonn prionsabal na trédhearcachta go mbeadh sé **éasca rochtain a fháil** ar aon fhaisnéis nó ar aon chumarsáid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus go mbeadh sé **éasca** an fhaisnéis sin nó an chumarsáid sin **a thuiscint**, agus go ndéanfaí teanga shoiléir shimplí a úsáid.

Chomh maith leis sin, mar chuid dá n-**oibleagáidí trédhearcachta** a chomhlíonadh faoi Airteagal 13 agus 14 den GDPR, ní mór do rialaitheoirí a chinntiú go gcuireann siad faisnéis ar fáil do na daoine is ábhar do na sonraí, lena n-áirítear, "*críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil*".

Tá faisnéis atá soiléir agus trédhearcach maidir le críoch, nó críocha, próiseála sonraí pearsanta chomh maith leis an mbunús dlí, nó na bunúis dlí, a chiallaíonn go bhfuil údar maith leis an bpróiseáil, ríthábhachtach, lena chinntiú go mbíonn ar chumas daoine aonair an bunús dlí a bhfuil an rialaitheoir ag brath air a aithint go héasca, ionas go mbeidh ar a gcumas measúnacht a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála atá á dhéanamh ar a gcuid sonraí pearsanta.

## Riachtanas

Mar atá soiléir ó théacs Airteagal 6 den GDPR féin, ní sholáthraíonn formhór na mbunús dlí, seachas toiliú, ach údar maith le próiseáil sa chás é a bheith **'riachtanach' do chríoch áirithe**; mar shampla, sa chás é a bheith *"riachtanach chun conradh a fheidhmiú", nó "riachtanach chun leasanna ríthábhachtacha [...] a chosaint*". Beidh éagsúlacht i gceist ó chás go cás maidir le cén phróiseáil a bheidh riachtanach le críoch áirithe a bhaint amach go díreach, ag brath ar na himthosca beachta, agus ní mór do rialaitheoirí próiseáil a theorannú don mhéid is gá chun na críocha a ndéantar iad a phróiseáil ina leith, ag teacht le prionsabal teorannaithe de réir cuspóra. Ní mór iad seo agus rialacha agus breithnithe eile a thabhairt san áireamh nuair atá rialaitheoirí i mbun measúnaithe ar riachtanas agus ar dhlíthiúlacht a ngníomhaíochtaí próiseála.

Mar a luaitear thuas, éilítear sa phrionsabal maidir le **'íoslaghdú sonraí'** in Airteagal 5 freisin go mbeidh sonraí pearsanta "*leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil*". Tá feidhm le riachtanas íoslaghdaithe sonraí freisin ó thaobh na próiseála a dtugtar fúithi ar bhonn toilithe. Dá bhrí sin, chun an dá phrionsabal cosanta sonraí a chomhlíonadh chomh maith le ceanglais dlíthiúlachta Airteagal 6, ní mór do rialaitheoirí a chinntiú go mbíonn aon phróiseáil a dtugann siad fúithi ag comhlíonadh na tástála ó thaobh riachtanais.

Tá **ciall neamhspleách faoi dhlí an Aontais Eorpaigh** ag gabháil le coincheap riachtanais, nach mór a léirmhíniú ar bhealach ina léirítear **cuspóirí** an dlí **cosanta sonraí**.[3] Go ginearálta, tugann Cúirt Bhreithiúnais an Aontaigh Eorpaigh (CJEU) léirmhíniú docht ar choincheap an riachtanais, i bhfianaise go bhfuil léirmhíniú docht le déanamh ar mhaolú nó ar theorannú cearta cosanta sonraí.

[3] CJEU, Cás C-524/06, *Heinz Huber v Bundesrepublik Deutschland*, 18 Nollaig 2008, alt 52.

Mar shampla, i gcás [4] *Rīgas,* dúirt an CJEU "*maidir le [...] riachtanas próiseála sonraí pearsanta, [...] ní bheidh feidhm le maolú agus teoranta maidir le sonraí pearsanta a chosaint ach amháin chomh fada is atá dianghá leis...*".

Tá sé i gceist le riachtanas go mbeidh próiseáil mar mhodh atá **réasúnach agus comhréireach** chun sprioc áirithe a bhaint amach, ag tógáil san áireamh prionsabal uileghabhálach íoslaghdaithe sonraí, agus nár chóir próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta sa chás go mbeidh **bealach** atá níos réasúnaí agus níos comhréirí agus **nach bhfuil chomh hionsáite** sin ar fáil chun an sprioc a bhaint amach. I gcás *Schecke*,[5] mhaígh an CJEU, nuair a dhéantar scrúdú ar an riachtanas maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, nár mhór do rialaitheoir bearta eile nach mbeadh chomh hionsáite a thabhairt san áireamh, agus gur chóir aon bhac ar chearta cosanta sonraí a eascraíonn as an bpróiseáil atá i gceist a bheith ar an gceann is lú de na cearta sin a dhéanann srianadh. Go ginearálta, chun tástáil an riachtanais a shásamh, níor chóir go mbeadh **aon bhealach eile** ar fáil **atá chomh héifeachtach céanna**.[6]

I bhfianaise an méid atá thuas, ní mór do rialaitheoirí a chinntiú go mbeidh aon phróiseáil sonraí pearsanta a dtugann siad fúithi, nó próiseáil atá beartaithe acu tabhairt fúithi, a bheith **níos mó ná bheith áisiúil** dóibh, nó a d'fhéadfadh a bheith **úsáideach dóibh**, nó fiú ar **gnáthchleachtas** iad atá á úsáid acu féin nó ag an gcuid tionscal go dtí seo. Ina ionad sin, ní mór do rialaitheoirí a chinntiú go mbeidh gach aon oibríocht próiseála riachtanach mar bhealach sonrach nó comhréireach leis an gcuspóir nó leis an sprioc luaite a bhaint amach, nach bhféadfaí a bhaint amach go réasúnach ar aon bhealach eile nach mbeadh chomh hionsáite, nó trí shonraí nach mbeadh chomh pearsanta sin a phróiseáil. Ní mór do rialaitheoirí a bheith feasach i gcónaí go n-éilíonn próiseáil atá níos ionsáite údar níos fearr a bheith leis an bpróiseáil.

## Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta

Tá próiseáil cineálacha áirithe sonraí pearsanta atá goilliúnach, ar a dtugtar 'catagóirí speisialta sonraí pearsanta, **toirmiscthe, seachas d'imthosca teoranta**, mar a leagtar amach in Airteagal 9 den GDPR. Éilíonn próiseáil den sórt sin bunús dlí faoi Airteagal 6 GDPR, chomh maith le ceann de na coinníollacha in Airteagal 9 a chomhlíonadh (ar nós toiliú sainráite agus leasanna ríthábhachtacha) a chuireann an deis ar fáil le próiseáil a dhéanamh ar shonraí den sórt sin.

Níl na ceanglais bhreise le catagóirí speisialta sonraí a phróiseáil faoi Airteagal 9 den GDPR laistigh den scóip na treorach seo, ach ní mór go mbeidh rialaitheoirí ar an eolas maidir leis an **riachtanas an dá cheanglas a chomhlíonadh** nuair atáthar ag próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta.

[4] [4] CJEU, Cás C-13/16 Valsts policijas Rīgas reģiona pārvaldes Kārtības policijas.

[5] [5] CJEU, Cásanna C 92/09 agus C 93/09, curtha le chéile *Schecke, Eifert v Hessen*, 9 Samhain 2010, alt 86.

[6] [6] CJEU, Cásanna C-465/00, C-138/01 agus C-139/01 curtha le chéile *Österreichischer Rundfunk*, alt 88.

> **"tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil chun ceann amháin nó níos mó de chríocha sonracha"**
>
> **Airteagal 6(1)(a) GDPR**

Mar a luaitear thuas, tá 'toiliú' is dócha ar an mbunús dlí is mó a bhfuil eolas ag na hábhair do na sonraí agus ag rialaitheoirí araon air, agus b'fhéidir go bhféachfadh go leor rialaitheoirí air mar 'ní is féidir brath air' agus iad i mbun measúnaithe ar cén bunús dlí ba chóir dóibh brath air d'oibríochtaí éagsúla próiseála sonraí. Mar sin féin, d'ainneoin ardphróifíl agus an tóir atá ar thoiliú mar bhunús dlí, ní gá gurbh é an bunús dlí is cuí é seachas bunús dlí ar bith eile – agus mar aon le haon bhunús dlí eile– molann an DPC go **mbreithneoidh** rialaitheoirí **go cúramach** cibé arbh é an bunús dlí **is cuí** é agus go mbreithneoidh rialaitheoirí na **ceanglais agus na hoibleagáidí** atá ceangailte leis an mbrath ar thoiliú mar bhunús dlí leis sonraí pearsanta a phróiseáil.

Tabharfaimid breac-chuntas sa chuid seo ar an sainmhíniú ar thoiliú agus cad go díreach a chiallaíonn toiliú faoin GDPR, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le rialaitheoir a bheith in ann léiriú a thabhairt go bhfuil toiliú tugtha ag an ábhar sonraí don phróiseáil, na 'coinníollacha maidir le toiliú' faoi Airteagal 7 den GDPR, agus na ceanglais chun toiliú a tharraingt siar.

Chun anailís níos mionsonraithe a fháil den tuairim maidir le toiliú faoin GDPR, molaimid féachaint ar Threoirlínte Meitheal Oibre Airteagal 29 ar Thoiliú. [7]

## Cad atá i gCeist le Toiliú?

Tá an **sainmhíniú ar thoiliú** le fáil in Airteagal 4(11) den GDPR, agus leagtar amach ann nach mór toiliú a thabhairt faoi shaoirse, go sonrach, go feasach, agus gan débhrí, agus chomh maith leis sin nach mór é a dhéanamh trí ráiteas nó trí 'gníomhaíocht shoiléir, dearfach'. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go bhfuil an sainmhíniú maidir le toiliú mar a cheanglaítear faoin GDPR athraithe de bheagán seachas mar a bhí sé sa reachtaíocht roimhe seo, an 'Treoir um Chosaint Sonraí' (95/46/EC).

| **[SEAN] Sainmhíniú na Treorach um Chosaint Sonraí maidir le toiliú:** | **[NUA] Sainmhíniú an GDPR maidir le toiliú:** |
|---|---|
| "aon léiriú a thugtar faoi shaoirse, go sonrach, go feasach maidir le mianta an ábhair sonraí go gcomhaontaíonn sé/sí sonraí pearsanta a bhaineann leis/léi a phróiseáil" | "aon léiriú a thugtar faoi shaoirse, go sonrach, go feasach, agus <u>gan débhrí</u> maidir le mianta an ábhair sonraí go n-aontaíonn sé/sí, <u>trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir, dhearfach</u> go gcomhaontaíonn sé/sí sonraí pearsanta a bhaineann leis/léi a phróiseáil" |

Tugtar treoir úsáideach i Réamhaithris 32 den GDPR maidir leis an méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le toiliú bailí, ina léirítear na difríochtaí idir na sainmhínithe atá leagtha amach thuas. Cuirtear in iúl ann arís, chun go mbeidh toiliú bailí, ní mór an toiliú a thabhairt **'trí ghníomhaíocht shoiléir, dhearfach'** agus níor chóir **'aon débhrí a bheith ann**', agus tugtar samplaí ar nós tic a chur i mbosca nuair atáthar ag tabhairt cuairte ar láithreán gréasáin, socruithe teicniúla a roghnú don láithreán gréasáin nó d'aip, nó ráiteas de chineál eile nó iompar a léiríonn go soiléir inghlacthacht an duine aonair leis an bpróiseáil bheartaithe;

[7] D'ullmhaigh Meitheal Oibre Airteagal 29 na treoirlínte seo, agus tá an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) tagtha ina n-áit anois, sular tháinig an GDPR i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Ghlac an EDPB leis na treoirlínte seo ina dhiaidh sin.

Luaitear go sonrach *"nach gciallaíonn* ***tost, boscaí réamhthiceáilte nó neamhghníomhaíocht*** *ó thaobh an ábhair do na sonraí dá bhrí sin go bhfuil toiliú tugtha*." Luaitear i dtreoir Mheitheal Oibre Airteagal 29 freisin:

> Ní cheadaítear leis an GDPR do rialaitheoirí boscaí réamhthiceáilte nó rogha an diúltaithe a thairiscint, a éilíonn idirghabháil an ábhair sonraí chun cosc a chur le comhaontú (mar shampla, boscaí rogha an diúltaithe').

I gcásanna ina dtugtar toiliú trí bhealaí leictreonacha, ní mór go mbeidh an mheicníocht leis an toiliú a fháil, **soiléir, gonta agus nach bhfuil sé ag cur as gan ghá** d'úsáid na seirbhíse a bhfuil sé curtha ar fáil lena aghaidh; mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh riachtanach le hiarratas maidir le toiliú cuir isteach ar an tseirbhís go pointe áirithe lena chinntiú go bhfuil an toiliú feasach, soiléir agus éifeachtach. Sa chás go dtugtar an toiliú i gcomhthéacs dearbhú i scríbhinn lena mbaineann ábhair eile freisin, ní mór an t-éileamh ar thoiliú a chur i láthair ar bhealach **is féidir a dhealú go soiléir** ó ábhair eile de réir Airteagal 7(2) den GDPR.

Ar cheann de na fachtóirí is tábhachtaí le toiliú bailí a fháil, tá a chinntiú go bhfuil an toiliú i leith na próiseála **sonrach agus feasach**. Ní mór do rialaitheoirí iarrachtaí áirithe a dhéanamh maidir leis an mbealach a gcuireann siad faisnéis agus roghanna i láthair ábhar sonraí, ionas gur féidir leo a bheith cinnte – agus a léiriú níos deireanaí – go bhfuil tuiscint an duine aonair ar cad go díreach atá á iarradh orthu toiliú a thabhairt ina leith. Mar shampla, sa chás go mbíonn ilchríocha soiléire leis an bpróiseáil, ní mór don duine aonair toiliú sonrach agus feasach a thabhairt i leith gach críoch acu.

Ní mór do dhaoine aonair, chun go mbeidh toiliú feasach, mar a thugtar ar aird i Réamhaithris 42 den GDPR, a bheith ar an eolas ar a laghad maidir le céannacht an rialaitheora agus a bheith ar an eolas maidir **le críocha na próiseála** lena bhfuil na sonraí pearsanta i gceist lena aghaidh. Ní mór go mbeidh rialaitheoirí feasach freisin nach féidir toiliú a fháil tríd an ngníomh céanna le comhaontú le conradh nó glacadh le téarmaí agus coinníollacha seirbhíse,[8] mar gheall nach bhféachfaí ar il-inghlacthacht den chineál seo mar ghníomh soiléir, dearfach agus sonrach do thoiliú i leith na próiseála.

Ní mór toiliú a thabhairt **'faoi shaoirse'** freisin agus soláthraítear treoir i Réamhaithris 43 conas an ceanglas seo a mhíniú, ag tabhairt ar aird nár chóir a bheith ag brath ar thoiliú mar bhunús dlí sa chás go mbíonn **éagothroime shoiléir** idir an duine aonair agus an rialaitheoir. Chruthódh cás den sórt sin amhras cibé a raibh rogha an duine aonair maidir le toiliú 'faoi shaoirse' i ndáiríre. D'fhéadfadh sé seo tarlú go háirithe sa chás gur údarás poiblí, nó fostóir,[9] an rialaitheoir nó seachas sin, i riocht cumhachta, agus dá bhrí sin, ní dóigh gur tugadh an toiliú faoi shaoirse i gcomhthéacs caidreamh mar sin.

Ar an mbealach céanna, ní mheasfar toiliú a bheith tugtha faoi shaoirse murar tugadh an deis don ábhar sonraí **toiliú as féin** a thabhairt d'oibríochtaí próiseála soiléire do chríocha difriúla. Mar a thugtar ar aird thuas, ní mór do rialaitheoirí a bheith airdeallach freisin agus iad ag úsáid toiliú i gcomhar le conradh, mar gheall má tá comhlíonadh an chonartha sin déanta ag brath ar an duine aonair toiliú a sholáthar do phróiseáil áirithe in ainneoin nach mbíonn sé riachtanas do chomhlíonadh den sórt sin, beidh an toiliú neamhbhailí.

---

[8] Féach Airteagal 7(3) den GDPR agus Treoir Mheitheal Oibre Airteagal 29, leathanach 16

[9] Ní mór a thabhairt ar aird, mar sin féin, go léirítear i Réamhaithris 155 den GDPR go bhféadfaidh dlí Ballstáit nó comhaontuithe comhchoiteann, foráil a dhéanamh do rialacha sonracha maidir le próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta fostaithe i gcomhthéacs na fostaíochta, go háirithe na coinníollacha faoina bhféadfaí iad a phróiseáil ar bhonn toiliú an fhostaí.

## Toiliú Linbh

Tá líon cosaintí sonracha sa GDPR do chearta cosanta sonraí maidir le leanaí, lena n-áirítear, forálacha sonracha Airteagal 8 den GDPR, ina leagtar amach na coinníollacha atá infheidhme le **toiliú linbh** a fháil maidir le **seirbhísí shochaí na faisnéise**.[10] Ní mór a thabhairt ar aird, áfach, nach toiliú an t-aon bhunús dlí féideartha do phróiseáil sonraí pearsanta leanaí, ní mór do rialaitheoirí measúnú a dhéanamh ar bhunús cás ar chás maidir leis an mbunús dlí is cuí d'aon phróiseáil atá beartaithe.

Sa chás go mbíonn seirbhísí den sórt sin á dtairiscint go díreach don leanbh, agus go bhfuil an rialaitheoir ag iarraidh brath ar thoiliú mar bhunús dlí, nó mór go mbeidh an leanbh 16 bliain d'aois ar a laghad le toiliú neamhspleách a thabhairt, nó, má tá an leanbh níos óige, nó, má thugann nó má údaraíonn, agus a mhéid a thugann nó a údaraíonn, sealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta as an leanbh, an toiliú sin. Cé go gceadaítear le hAirteagal 8(1) do Bhallstáit an aois a shocrú ag leibhéal níos ísle (idir 13 agus 16 bliain d'aois), tá scoithphointe aoise maidir le toiliú a thabhairt i leith seirbhísí den sórt sin coinnithe ag 16 bliain d'aois ag Acht 2018 in Éirinn.

Ní mór do rialaitheoirí, i gcásanna lena bhfuil baint ag leanaí faoi 16 bliain d'aois, **iarrachtaí réasúnacha** chun a fhíorú gur thug nó gur údaraigh sealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta as an leanbh toiliú, agus cuirfear an teicneolaíocht a bheidh ar fáil san áireamh.

## Toiliú a Léiriú

Tá a bheith ábalta a **thaispeáint go bhfuil toiliú tugtha ag ábhar sonraí** do phróiseáil sonraí sonracha mar phríomhoibleagáid ar rialaitheoirí atá ag brath ar bhunús dlí an toilithe, mar a leagtar amach in Airteagal 7(1) den GDPR, chomh maith le ceanglas phrionsabal na cuntasachta. Ní mór go mbeidh an rialaitheoir in ann a thaispeáint gur thug an ábhar sonraí toiliú, agus sa chás gur i gcomhthéacs dearbhú i scríbhinn a tugadh an toiliú a chlúdaíonn ábhair eile freisin, ní mór go gcinnteoidh cosaintí go bhfuil an ábhar sonraí ar an eolas cé dó agus a mhéid a bhfuil toiliú á thabhairt aige/aici.

Má tá **dearbhú maidir le toiliú** á úsáid ag rialaitheoir atá réamhcheaptha aige/aici, ní mór é sin a chur i láthair an ábhair sonraí i bhfoirm inrochtana atá intuigthe agus éasca, agus úsáid á bhaint as teanga atá soiléir agus simplí agus níor chóir go mbeadh aon téarmaí éagóracha ann.[11]

Ní hionann toiliú a thaispeáint agus díreach rogha a léiriú ag pointe áirithe ama, agus ní mór do rialaitheoirí a chinntiú go mbíonn toiliú bailí mar **oibleagáid leanúnach agus stuama**, ní díreach imeacht aon uaire atá i gceist. Ní mór do rialaitheoirí toiliú a bhreithniú agus iarracht a dhéanamh toiliú athnuaite a lorg má tá aon athrú ag teacht ar mhionsonraí na hoibríochta próiseála nó aon athruithe ar an gcuspóir (a chiallaíonn go bhféadfadh sé nach mbeadh an toiliú bunaidh 'feasach' níos mó i ndáiríre) nó toiliú athnuaite a lorg ag eatraimh áirithe más cuí.

Bheadh uirlisí bainistíochta roghanna ar nós **deaiseanna príobháideachais** a sholáthar mar rogha úsáideach do go leor rialaitheoirí, go háirithe dóibh siúd atá ag cur seirbhísí ar líne ar fáil, a thugann an deis do hábhair sonraí a socrúcháin toilithe a rochtain agus a bhainistiú go héasca.

---

[10] Sainmhínítear seirbhísí sochaí na faisnéise i (dTREOIR 2015/1535) (an AE) mar *"aon seirbhís a chuirtear ar fáil de ghnáth do luach saothair, ag achar, trí bhealaí leictreonacha agus ar iarratas ó fhaighteoir seirbhísí", agus a chlúdaíonn, go ginearálta formhór na seirbhísí ar líne, fiú nuair nach mbíonn 'luach saothair' nó maoiniú a íoc go díreach ach a fhaigheann tacaíocht seachas sin* – ar nós fógraíocht. Go ginearálta, clúdaíonn sé seo, láithreáin gréasáin, aipeanna, innill chuardaigh agus seirbhísí ar líne agus soláthróirí ábhar.

[11] De réir Réamhaithris 42 den GDPR agus Treoir 93/13/EEC ón gComhairle den 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóirí.

## Toiliú a Tharraingt Siar

Tá an cumas **toiliú a tharraingt siar tráth ar bith** tar éis an toilithe sin a thabhairt mar chuid thábhachtach den choincheap maidir le toiliú faoi Airteagal 7(3) den GDPR, agus dá bhrí sin ní mór do rialaitheoirí a bheith cinnte go mbíonn ar a gcumas éascú a dhéanamh do dhaoine aonair toiliú a tarraingt siar sa chás iad a bheith ag brath ar an toiliú sin mar bhunús dlí. Sa chás go mbeidh toiliú a tharraingt siar tar a bheith míphraiticiúil, dodhéanta nó go gciallódh sé go mbeadh an phróiseáil do-oibrithe, ansin ní mór do rialaitheoirí breithniú a dhéanamh cibé a bhféadfadh bunús dlí eile a bheith níos cuí sna himthosca, nó cibé a bhfuil nó nach bhfuil bunús dlí leis an bpróiseáil in aon chor.

Ní bheidh tionchar ag tarraingt siar an toilithe, áfach, ar dhlíthiúlacht na próiseála a bhí bunaithe ar an toiliú sin sular tarraingíodh siar é. Ní mór do rialaitheoirí a chinntiú freisin go mbíonn sé **chomh héasca céanna** toiliú a tharraingt siar is a bhí **an toiliú sin a thabhairt**. Mar shampla, más próiseas aon chéim amháin a bhí sa phróiseas maidir le toiliú a thabhairt, ansin ní mór gur próiseas simplí aon chéim amháin a bheadh i dtoiliú a tharraingt siar. Ní mór do rialaitheoirí iarracht a dhéanamh chun cur ar chumas na n-ábhar sonraí a dtoiliú a tharraingt siar ar an modh céanna, nó ar mhodh cosúil leis an modh lenar cheadaigh siad an toiliú sin.

Tá sé de cheart ag na hábhair sonraí toiliú a tharraingt siar '**ag tráth ar bith**', agus dá bhrí sin, ní chomhlíonfaidh roghanna teoranta nó roghanna atá deacair lena rochtain do 'rogha an diúltaithe' nó le toiliú a tharraingt siar an oibleagáid seo; ní mór go mbeidh ar chumas an ábhair sonraí toiliú a tharraingt siar go héasca, ag táth ar bith is rogha leo, as a stuaim féin.

Tugtar ar aird i Réamhaithris 42 den GDPR nach bhféadfaí breathnú go ginearálta ar thoiliú mar thoiliú a tugadh faoi shaoirse mura mbíonn rogha i ndáiríre nó **rogha faoi shaoirse** ag an ábhar sonraí nó mura mbíonn an t-ábhar sonraí in ann toiliú a **dhiúltú nó a tharraingt siar gan dochar**.

# Conradh

> **"is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh"**
>
> **Airteagal 6(1)(b) den GDPR**

Tá an bunús dlí le 'conradh' (á dtagraítear do freisin mar 'riachtanas conarthach' nó 'comhlíonadh conarthach') ar bhunús dlí eile a mbaintear úsáid sách coitianta as chun sonraí pearsanta a phróiseáil, i gcomhthéacs go bhfuil **caidreamh conarthach** idir an **t-ábhar sonraí agus an rialaitheoir**. Leagtar amach in Airteagal 6(1)(b) agus i Réamhaithris 44 den GDPR go bhféadfadh próiseáil a bheith riachtanach sa chás go bhfuil gá le próiseáil chun conradh bailí a chomhlíonadh nó a thosaigh.

Ní mór do rialaitheoirí a bheith ar an eolas nach bhfuil sé leordhóthanach brath ar bhunús dlí conarthach do phróiseáil sonraí pearsanta don phróiseáil a bheith bainteach ar bhealach éigin le caidreamh conarthach, ina ionad sin, ní mór go rachaidh sé níos faide agus a bheith '**riachtanach do chomhlíonadh**' an conradh sin – m.sh. riachtanach ar bhonn oibiachtúil chun tabhairt faoin gconradh. Mar mhalairt air sin, is féidir brath ar an mbunús dlí seo sa chás go mbíonn próiseáil riachtanach chun **céimeanna a ghlacadh** as a dtagann conradh, sa chás gur éiligh an t-ábhar sonraí ar an rialaitheoir a leithéid sin a dhéanamh, mar a ndéantar cur síos níos mionsonraithe air thíos.

Mar a leagtar amach i bhfoclaíocht Airteagal 6(1)(b) den GDPR, ní mór go mbeidh rialaitheoirí ar an eolas nach féidir an bunús dlí seo a fheidhmiú ach amháin i leith **conarthaí idir ábhar sonraí i ndáiríre agus an rialaitheoir**, agus ní do phróiseáil sonraí pearsanta chun na críche conradh a fheidhmiú idir an rialaitheoir agus tríú páirtí. Dá bhrí sin, ní féidir le rialaitheoir úsáid a bhaint as conradh idir iad féin agus soláthróir seirbhíse eile nó comhpháirtí fógraíochta mar bhunús dlí le sonraí pearsanta an ábhair sonraí a phróiseáil, díreach mar gheall go mbeadh an phróiseáil riachtanach leis an gconradh a chomhlíonadh – mar gheall nach bhfuil an t-ábhar sonraí mar pháirtí sa chonradh sin. Dá bhrí sin, ní bheadh feidhm leis an mbunús dlí seo in **easnamh caidreamh conarthach díreach** chomh fada is a bhaineann sé leis an ábhar sonraí.

## Sula nDéanfar Conradh

Léirítear san fhoclaíocht in Airteagal 6(1)(b) den GDPR an fhíric go bhféadfadh réamh-phróiseáil sonraí pearsanta duine aonair a bheith riachtanach sula ndéanfar conradh leis an rialaitheoir, ar mhaithe le tabhairt chun críche conradh a éascú ar nós mionsonraí pearsanta a phróiseáil ag comhlacht árachais sa chás **gur iarr** an t-ábhar sonraí **meastachán**, ag súil le go bhféadfadh sé/sí conradh árachais a dhéanamh.

I gcomhthéacs ar líne, d'fhéadfadh sé seo a bheith ábhartha i gcásanna, mar shampla, go gcuireann t-ábhar sonraí a seoladh poist ar fáil chun a fháil amach an bhfeidhmíonn soláthróir seirbhíse áirithe ina gceantar, nó sa chás go ndéantar próiseáil mar chuid de phróiseáil cláraithe do sheirbhís ar líne. Ní fhéadfadh an smaoineamh seo ó thaobh réamh-phróiseáil **margaíocht gan iarraidh a chlúdach** nó próiseáil eile a dhéantar ar thionscnamh an rialaitheora, nó ar iarratas ó thríú páirtí, mar nach bhfuiltear á dhéanamh sin ar iarratas i ndáiríre ón ábhar sonraí.

**Sampla**

Cruthaíonn soláthróir seirbhíse ar líne feidhm a thugann an deis dá chuid úsáideoirí cuireadh a thabhairt do neamhchomhaltaí dul isteach sa tseirbhís. Sa chás go seoltar cuireadh, cuireann an comhlacht an fhaisnéis go léir atá aige maidir leis an duine a fuair cuireadh i dtoll a chéile ar mhaithe le réamh-phróifíl dá dteagmhálacha le húsáideoirí eile a chur le chéile chun iadsan a spreagadh chun dul isteach sa tseirbhís. Mar gur seoladh an cuireadh ar iarratas ó thríú páirtí (an t-úsáideoir bunaidh a sheol an cuireadh) níor iarr an t-ábhar sonraí á bhfuil próifíl á dhéanamh dó/di (an duine a fuair an cuireadh) ar an rialaitheoir aon chéimeanna a ghlacadh, agus dá bhrí sin, ní féidir leis an gcomhlacht brath de réir dlí ar Airteagal 6(1)(b) mar bhunús don phróiseáil réamh-chonarthach seo.

## Riachtanas agus Conarthaí a Chomhlíonadh

Beidh an coincheap maidir le cad go díreach atá 'riachtanach' ar deireadh thiar ag brath ar **imthosca gach aon chás** agus ar fhoclaíocht, cineál agus imthosca an chonartha. Mar a luaitear thuas, ní mór do rialaitheoirí a chinntiú go mbíonn an phróiseáil mar bhealach atá **riachtanach ar bhonn oibiachtúil agus comhréireach** leis an gconradh a chomhlíonadh, ag tógáil breithniú bealaí eile a d'fhéadfadh nach mbeadh chomh hionsáite sin san áireamh le cuspóir na próiseála a bhaint amach. Ní mór do rialaitheoirí breithniú a dhéanamh freisin ar an treoir ghinearálta maidir le prionsabal an riachtanais a fheidhmiú i leith bunúis dlí, a leagtar amach thuas faoin gceannteideal 'Riachtanas', nuair atáthar i mbun measúnaithe ar cad atá riachtanais leis an gconradh a comhlíonadh.

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh téarmaí conarthacha i scríbhinn a shonrú go mbíonn próiseáil sonraí pearsanta ag teastáil mar ghné i gcomhlíonadh an chonartha. Mar sin féin, níl sé ag teastáil chun críocha Airteagal 6(1)(b) nach mór go mbeidh gach oibríocht próiseála sonraithe i dtéarmaí conarthacha. I go leor cásanna, d'fhéadfadh sé nach mbeadh próiseáil riachtanach do chomhlíonadh an chonartha luaite go sainiúil i dtéarmaí conarthacha idir na páirtithe, agus ina ionad sin, ní mór breithniú a dhéanamh ar **chomhthéacs níos leithne an chomhaontaithe** atáthar a dhéanamh, lena n-áirítear, measúnú a dhéanamh ar an méid atá **riachtanach go réasúnach** ar mhaithe leis an gcomhaontú bunaidh a chomhlíonadh.

Ní sheachnaíonn sé seo oibleagáidí an rialaitheora maidir le **prionsabail na trédhearcachta**, go háirithe faoi Airteagal 13 den GDPR, lena chinntiú go mbíonn an t-ábhar sonraí **feasach maidir leis an dá oibríocht próiseála agus críocha** na próiseála a dtabharfar fúthu maidir lena gcuid sonraí pearsanta. Áirítear anseo, an oibleagáid sainráite faoi Airteagal 13(2)(e) chun faisnéis a sholáthar (ag an tráth a bhfuarthas na sonraí pearsanta ón ábhar sonraí) maidir le cibé a bhfuil soláthar sonraí pearsana mar cheanglas conarthach.

**Sampla**

Téann custaiméir isteach i siopa éadaí chun seaicéad nua a cheannach. Níl saghas an chustaiméara i stoc sa siopa faoi láthair, ach comhaontaítear sa siopa an seaicéad a ordú agus dul i dteagmháil leis an gcustaiméir nuair a bhíonn an seaicéad i stoc arís. Íocann an custaiméir as an seaicéad agus cuireann a gcuid mionsonraí teagmhála ar fáil ionas go mbeifear in ann teagmháil a dhéanamh leo nuair a thagann an seaicéad isteach.

Ansin baineann an siopa úsáid as na mionsonraí teagmhála agus as an fhaisnéis maidir leis an gceannach le cárta dílseachta agus próifíl ar líne a chruthú lena úsáid ag an gcustaiméir, agus cuireann siad an méid sin in iúl nuair a thagann an custaiméir ar ais chun an tsiopa, rud a chuireann ionadh ar an gcustaiméir.

Sa chás seo, ní thacaíonn téarmaí an chonartha díolacháin idir na páirtithe leis an gconclúid go bhfuil cruthú cárta dílseachta nó próifíl riachtanach go réasúnach leis an gconradh a bhí déanta a chomhlíonadh.

### *Sa Chás Conradh a bheith Teoranta mar Bhunús Dlí*

Ar bhreithniúchán amháin atá lasmuigh de scóip na treorach seo, nach mór do rialaitheoirí a thabhairt san áireamh nuair atá bunús dlí conarthach a bhreithniú acu chun sonraí pearsanta a phróiseáil, tá an gá leis na dlíthe éagsúla eile a rialaíonn caidreamh conarthach a chomhlíonadh.

Go háirithe, d'fhéadfadh sé gur leanbh a bheadh san ábhar sonraí nó duine atá **teoranta nó gan aon inniúlacht le conradh a dhéanamh**, seachas sin. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh gnéithe eile maidir le **conradh nó le dlíthe tomhaltóra** a bheith i gceist, a chiallaíonn go bhfuil conarthaí nó clásail chonarthacha áirithe neamhbhailí.

Sular féidir le rialaitheoir brath ar fheidhmiú conarthach mar bhunús dlí le sonraí pearsanta a phróiseáil, ní mór dóibh **a bheith sásta** go bhfuil conradh bunúsach bailí ann, agus go bhfuil aon chlás/clásail lena mbíonn próiseáil sonraí pearsanta riachtanach lena bhfeidhmiú, bailí agus infheidhmithe.

Mar atá pléite thuas, sa chás go mbíonn próiseáil sonraí pearsanta riachtanach i ndáiríre le conradh a fheidhmiú idir an ábhar sonraí agus an rialaitheoir, ansin, ní mór do rialaitheoirí measúnú a dhéanamh cibé an bhféadfaí an phróiseáil a **bhunú ar bhunús dlí eile**, nó cibé a bhfuil bunús dlí ar fáil in aon chor. Mar sin féin, mar a thugtar ar aird thuas, (faoin gceannteideal 'Toiliú'), ní chóir do rialaitheoirí iarracht a dhéanamh brath ar thoiliú mar bhunús dlí sa chás go ndéanann siad an gníomh sin maidir le toiliú mar choinníoll sa chonradh.

Sa chás go mbíonn próiseáil **sonraí 'catagóir speisialta'** atá goilliúnach riachtanach mar chuid d'fheidhmiú an conradh, ní mór do rialaitheoirí **eisceacht ar leithligh a aithint** freisin i leith toirmeasc ginearálta maidir le sonraí den sórt sin a phróiseáil, mar nach gcomhlíonann riachtanas conarthach as féin na ceanglais faoi Airteagal 9 den GDPR. Dá bhrí sin, mar a chéile leis an bpróiseáil go léir ar shonraí catagóir speisialta den sórt sin, beidh bunús dlí ag teastáil ón rialaitheoir – sa chás seo, atá riachtanach, leis an gconradh a chur i bhfeidhm – chomh maith leis an gcoinníoll faoi Airteagal 9(2) a chomhlíonadh a cheadaíonn an cineál seo sonraí pearsanta a phróiseáil – ar nós gur 'léir go bhfuil na sonraí ar fáil go poiblí' nó go bhfuil gá leis an bpróiseáil le héileamh dlíthiúil a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

> **"is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh"**
>
> **(Airteagal 6(1)(c) den GDPR)**

Is dóigh go mbeidh an bunús dlí seo, ar a dtugtar 'oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh' freisin, ar an mbunús dlí is cuí i gcásanna ina bhfuil rialaitheoirí faoi oibleagáid na sonraí pearsanta a phróiseáil chun **reachtaíocht AE nó reachtaíocht na hÉireann nó an dlí coiteann** a chomhlíonadh. Mar an gcéanna leis an mbrath ar chonradh mar bhunús dlí, chun a bheith ag brath ar oibleagáid dhlíthiúil, ní mór do rialaitheoir measúnú a dhéanamh maidir le cibé a bhfuil próiseáil **'riachtanach' ar mhaithe leis** an oibleagáid sin **a chomhlíonadh** i ndáiríre. Má tá ar do chumas cloígh go réasúnach gan na sonraí pearsanta a phróiseáil, ní bheidh brath ar an mbunús seo cuí.

Déantar cur síos ar an mbunús dlí seo in Airteagal 6(1)(c) mar bhunús lena bhfuil an phróiseáil riachtanach chun oibleagáid a chomhlíonadh a bhfuil rialaitheoir faoina réir. Déantar soiléiriú in Airteagal 6(3) nach mór oibleagáid den sórt sin a bheith bunaithe air agus a theacht ó **Dhlí an AE nó ó Dhlí na hÉireann** (nó ó dhlí Ballstát eile, sa chás gur infheidhme).

Ní gá go mbeidh oibleagáid dhlíthiúil ann a éilíonn go sonrach an ghníomhaíocht phróiseála beacht a bhfuil an rialaitheoir chun tabhairt faoi; mar sin féin, ní mór do rialaitheoirí a chinntiú gurbh é an **cuspóir foriomlán** atá le próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta ná oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh ag an bhfuil **bunús soiléir leordhóthanach** sa dlí coiteann nó i reachtaíocht.

Ag teacht le prionsabal na **trédhearcachta** chomh maith le prionsabal na **cuntasachta** araon, ní mór do rialaitheoirí a chinntiú a bhfuil ar a gcumas **an dlí sonrach a aithint** a chreideann siadsan go gciallaíonn sé an oibleagáid dhlíthiúil lena bhfuil an phróiseáil riachtanach lena aghaidh. Féadfaidh rialaitheoirí, ar mhaithe le cuntasacht agus comhlíontacht a léiriú, tagairt a dhéanamh d'fhorálacha sonracha i reachtaíocht, casdlí, comhairle nó treoirlínte oifigiúla nó rialtais, nó treoir oifigiúil eile ina leagtar amach na hoibleagáidí a bhféadfadh rialaitheoirí a bheith faoina réir.

## Cad atá i gCeist le hOibleagáid Dhlíthiúil?

Mar a leagtar amach thuas, ní mór go mbeidh oibleagáid dhlíthiúil leagtha síos trí dhlí AE nó trí dhlí náisiúnta. Déantar tuilleadh soiléiriú i Réamhaithris 41 den GDPR nach amháin go gclúdaítear aon dlí a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar oibleagáid dhlíthiúil sa chomhthéacs seo acht reachtaíochta atá glactha ag parlaimint (m.sh. reachtaíocht), mar go n-aithnítear orduithe bunreachtúla éagsúla na mBallstát sa GDPR.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh oibleagáid dhlíthiúil a bheith bunaithe ar **reachtaíocht phríomha** (ar nós Acht), **reachtaíocht thánaisteach** (ar nós ionstraim reachtúil nó 'I.R.') nó ceanglas **dlí coiteann** éigin.

Tugtar ar aird sa GDPR nach mór d'aon dlí den sórt sin a bheith **soiléir agus beacht** agus ní mór go mbeidh sé '**intuartha** do dhaoine atá faoina réir', de réir casdlí Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) agus na Cúirte Eorpaigh um Chearta an Duine (ECtHR).

Ní gá go mbeadh dlí ann a chuireann oibleagáid shoiléir ar rialaitheoirí a bheith rannpháirteach i ngníomh sonrach próiseála sonraí, ach dlí nó oibleagáid a d'fhéadfadh a bheith mar **bhunús do go leor oibríochtaí próiseála**, chomh fada is atá na hoibríochtaí próiseála siúd riachtanach i ndáiríre chun na hoibleagáide sin a chomhlíonadh. Mar a leagtar amach in Airteagal 6(3) agus i Réamhaithris 45 den GDPR araon, ní mór go ndéanfaidh aon dlí den sórt sin a bhfuil oibleagáid dlí mar

bhunús leis cuspóirí aon chineál próiseála a dtugtar faoi chun na hoibleagáide sin a chomhlíonadh, soiléir ar a laghad agus ní mór go gcomhlíonfar an cuspóir a bhaineann le **leas an phobail** agus a bheith i **gcomhréir** leis an aidhm nó leis an sprioc dhleathach atá á saothrú.

## Cad atá Riachtanach le hOibleagáid Dhlíthiúil a Chomhlíonadh?

Tá coincheap an '**riachtanais**' mar chuid thábhachtach freisin de bhunús dlí maidir le 'hoibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh' mar nach mór go mbeidh an phróiseáil **riachtanach** i ndáiríre **ar mhaithe** leis an oibleagáid **a chomhlíonadh**. Ní mór go mbeidh sé soiléir i bhformhór na gcásanna ó thaobh an dlí atá i gceist cibé a bhfuil gá an phróiseáil a dhéanamh i ndáiríre ar mhaithe lena bheith comhlíontach.

Ní mór próiseáil ar mhaithe le hoibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh a bheith m**ar bhealach atá réasúnach agus comhréireach** leis an gcomhlíontacht sin **a bhaint amach**. Mar shampla, níor chóir go mbeadh rialaitheoir ag brath ar chomhlíonadh le hoibleagáid dhlíthiúil mar bhunús dlí le próiseáil má tá **rogha** acu cibé na sonraí pearsanta a phróiseáil, nó an bhfuil bealach eile ann atá níos réasúnaí agus níos comhréirí agus nach **bhfuil chomh hionsáite** leis an oibleagáid a chomhlíonadh. Tá sé seo ag teacht le prionsabal an **íoslaghdaithe sonraí**, sa mhéid nár chóir tabhairt faoi phróiseáil sonraí pearsanta ach amháin ar bhealach atá teoranta, sa chás é a bheith ábhartha agus riachtanach le cuspóir na próiseála a bhaint amach.

Mar atá an cás le bunúis dlíthiúla eile lena mbaineann coincheap an riachtanais, beidh an méid atá i gceist go díreach le cad atá 'riachtanach' ó thaobh comhlíonadh ag brath ar deireadh thiar ar **imthosca gach aon chás** agus an cineál oibleagáid dhlíthiúil atá i gceist. I gcás *Huber*,[12] tugann an CJEU le fios, nach féidir, i gcomhthéacs clár náisiúnaigh choigríche, próiseáil a bhreithniú a bheith 'riachtanach' **ach amháin mura mbíonn ann ach sonraí a bhí riachtanach** chun go bhféadfadh údaráis an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm agus má chuir sé **le feidhmiú níos éifeachtaí** oibleagáidí reachtaíochta.

[12] CJEU, Cás C-524/06, *Heinz Huber v Bundesrepublik Deutschland*, 18 Nollaig 2008, alt 62.

# Leasanna Ríthábhachtacha

> **"is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint"**
>
> **(Airteagal 6(1)(d) den GDPR)**

Ní bhaintear úsáid chomh minic sin as próiseáil sonraí pearsanta le leasanna ríthábhachtacha mar bhunús dlí, ach mar sin féin, tá sé tábhachtach go mbreithneofaí é i **gcásanna sonracha áirithe**, sa chás nach bhfuil aon bhunús dlí eile cuí. Ní mór do rialaitheoirí, mar a chéile le bunúis dlíthiúla áirithe eile, breithniú a dhéanamh cibé a bhfuil an phróiseáil **riachtanach i ndáiríre leis an sprioc** a bhaint amach le leasanna ríthábhachtacha a chosaint. Is dócha go mbeadh rialaitheoirí ag brath ar an mbunús dlí seo sa chás go mbíonn gá le sonraí pearsanta a phróiseáil ar mhaithe **le beatha duine éigin** a chosaint, nó maolú a dhéanamh ar bhagairt thromchúiseach do dhuine, mar shampla, leanbh nó duine atá ar iarraidh.

D'fhéadfadh leasanna ríthábhachtacha a bheith mar bhunús dlí cuí in imthosca neamhthipiciúla, sa chás go mbíonn sé soiléir nach bhfuil feidhm le bunúis dlíthiúla ar bith eile. Mar shampla, sa chás go mbíonn catagóir speisialta sonraí pearsanta i gceist atá goilliúnach, **ar nó sonraí sláinte** – i **gcás éigeandála** bhféidir – d'fhéadfadh leasanna ríthábhachtacha soláthar araon a dhéanamh do bhunús dlí faoi Airteagal 6 ach eisceacht ón toirmeasc a chur ar fáil freisin ó phróiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta den sórt sin faoi Airteagal 9 den GDPR.

Is dóigh go mbeidh baint ag catagóirí speisialta sonraí sláinte le formhór na gcásanna ina mbítear ag brath ar leasanna ríthábhachtacha mar bhunús dlí le próiseáil a dhéanamh, ceadaítear sonraí den sórt sin a phróiseáil le **hAirteagal 9(2)(c) den GDPR** nuair is gá leasanna ríthábhachtacha duine éigin a chosaint; ach, níl feidhm leis seo ach amháin má tá an t-ábhar sonraí i riocht nach bhfuil ar chumas/ar a cumas toiliú a thabhairt go fisiciúil nó go dlíthiúil.

> **Sampla**
>
> Cuirtear fios ar pharaimhíochaineoirí chuig saoráid cúraim cónaithe chun a theacht i gcabhair ar chónaitheoir atá breoite, agus atá gan aithne gan urlabhra nuair a thagann na paraimhíochaineoirí. Is féidir stair leighis agus sonraí sláinte ábhartha eile an chónaitheora a chomhroinnt leis na paraimhíochaineoirí mar go bhfuil gá leis an méid sin a dhéanamh lena leasanna ríthábhachtacha a chosaint – fiú, mar shampla, nár thug an cónaitheoir toiliú roimhe seo na sonraí seo a chomhroinnt chun na críocha seo.

Mar sin féin, **ní bheidh feidhm leis an mbunús dlí sin i ngach cás** a bhaineann le sláinte nó le cóireáil don ábhar sonraí, ach amháin nuair a bhíonn an phróiseáil riachtanach le leasanna ríthábhachtacha a chosaint. Mar sin, **ní mórán seans** go mbeidh feidhm leis an mbunús dlí seo **lasmuigh de chás éigeandála**, mar shampla, sa chás go mbíonn cúram leighis beartaithe roimh ré.

## Cé leis na Leasanna Ríthábhachtacha atá Ábhartha?

Ba chóir a thabhairt ar aird go bhféadfadh baint a bheith ag bunús dlí leasanna ríthábhachtacha faoin GDPR le próiseáil sonraí pearsanta an ábhair sonraí chun **a leasanna ríthábhachtacha** a chosaint, ach d'fhéadfadh baint a bheith acu freisin le próiseáil sonraí pearsanta an ábhair sonraí sin chun **leasanna ríthábhachtacha *duine aonair eile*** a chosaint – cé go bhfuil na himthosca inar dóigh gur mar sin a bheadh an cás níos teoranta.

Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go dtarlódh próiseáil sonraí pearsanta an ábhair sonraí chun leasanna ríthábhachtacha duine eile a chosaint, mar shampla, sa chás go mbíonn sé riachtanach **sonraí pearsanta tuismitheora** a phróiseáil chun **leasanna ríthábhachtacha a leanbh** a chosaint. Níor chóir go dtarlóidh próiseáil sonraí pearsanta

bunaithe ar leas ríthábhachtach duine aonair eile ach i bprionsabal amháin sa chás nach féidir an phróiseáil a bhunú go soiléir ar bhunús dlí eile.

**Ní dóigh go mbeidh** an brath ar leasanna ríthábhachtacha mar bhunús dlí cuí do **phróiseáil ar scála níos mó** sonraí pearsanta go leor daoine aonair – is dóichí ná a mhalairt go mbeidh sé cuí i gcásanna éigeandála aonair. Mar sin féin, moltar i Réamhaithris 46 den GDPR go bhféadfadh leasanna ríthábhachtacha a bheith cuí mar bhunús dlí **do phróiseáil ar fhorais dhaonnúla ar scála níos mó** i gcomhthéacs cás ar nós eipidéim nó tubaiste.

## Riachtanas agus Cásanna Éigeandála

Chun go bhféadfar brath ar leasanna ríthábhachtacha mar bhunús dlí, ní mór go mbeidh an phróiseáil atá i gceist ***riachtanach*** i ndáiríre ar bhonn oibiachtúil **ar mhaithe le leasanna ríthábhachtacha** an ábhair sonraí nó leasanna ríthábhachtacha duine aonair eile **a chosaint** – a chiallaíonn nach mór go ndéanfar é ar bhealach atá **réasúnach agus comhréireach** le cosaint na leasanna sin **a bhaint amach**. Má tá ar chumas rialaitheoir leasanna ríthábhachtacha an duine is ábhar do na sonraí a chosaint ar bhealach eile nach bhfuil chomh hionsáite sin, ní dóigh go mbeidh leasanna ríthábhachtacha mar bhunús dlí cuí.

Ag teacht le **prionsabal íoslaghdaithe** sonraí, níor chóir tabhairt faoi phróiseáil sonraí pearsanta ach amháin ar bhealach teoranta, nuair a bhíonn sé ábhartha agus riachtanach le cuspóir na próiseála a bhaint amach. Chun cuntasacht a chinntiú, ní mór do rialaitheoirí a réasúnacht a thaifeadadh maidir le cén fáth gur cheap siad go raibh sé riachtanach sonraí pearsanta a phróiseáil chun leasanna ríthábhachtacha a chosaint.

Mar a chéile le gach bunús dlí ina n-áirítear, tástáil riachtanais, beidh an méid maidir le cad go díreach atá 'riachtanach' chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí a chosaint ag brath ar deireadh thiar ar **imthosca gach aon chás** agus ní mór go dtógfar comhthéacs san áireamh go háirithe i gcásanna éigeandála sa chás gur chreid an rialaitheoir go hionraic go raibh an phróiseáil riachtanach le leasanna ríthábhachtacha a chosaint. Sa chás gur dóigh go mbeidh baint ag rialaitheoir le cásanna den sórt sin, ní mór tabhairt faoi shaghas éigin **pleanála ó thaobh cáis** ionas go mbeidh próisis shoiléire, lena n-áirítear, sonraí pearsanta a láimhsiú, i bhfeidhm.

## Cad is 'Leasanna Ríthábhachtacha' ann?

Déantar mionléiriú breise i Réamhaithris 46 den GDPR ar na cineálacha cásanna ina bhféadfadh feidhm a bheith le leasanna ríthábhachtacha, eadhon, sa chás go mbíonn sé "*riachtanach leas a chosaint atá ríthábhachtach do shaol an ábhair sonraí nó saol duine nádúrtha eile a chosaint*" (m.sh. duine aonair atá beo). Dá bhrí sin, is féidir leasanna ríthábhachtacha a thuiscint mar **leasanna atá ríthábhachtach do shaol an ábhair sonraí** – clúdaítear ann cásanna a chuireann saol daoine i mbaol den chuid is mó, ach cásanna a d'fhéadfadh bagairt thromchúiseach a bheith i gceist leo do shláinte nó do chearta bunúsacha duine aonair.

Mar gheall ar na cúiseanna seo, mar a dtagraítear dóibh thuas, beidh, **i bhformhór na gcásanna** a mbeidh leasanna ríthábhachtacha mar bhunús dlí cuí, **cásanna leighis nó cásanna cúraim sláinte** i gceist, lena n-áirítear, daoine le riocht meabhairshláinte atá leochaileach agus beidh catagóir sonraí speisialta agus goilliúnacha i gceist go minic. Tá cosaint i ndáiríre saol an ábhair sonraí nó duine aonair eile is dóigh is mó a bheidh ar an leas ríthábhachtach atá á chosaint ag próiseáil riachtanach sonraí pearsanta.

Nuair atáthar i mbun breithnithe ar an mbunús dlí is cuí, ní mór do rialaitheoirí a thabhairt ar aird **go bhféadfadh** cineálacha áirithe próiseála **freastal** ar fhorais thábhachtacha ar mhaithe le **leas an phobail** chomh maith le leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí, mar shampla nuair a bhíonn gá an phróiseáil a dhéanamh do **chríocha daonnúla**, lena n-áirítear, monatóireacht a dhéanamh ar eipidéim agus ar an mbealach a scaipeann siad nó i gcásanna éigeandála daonnúla.

# Cúram Poiblí

> **"is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir"**
>
> **(Airteagal 6(1)(e) den GDPR)**

Is dóigh go mbeidh baint ag an mbunús dlí seo le fo-ghrúpa níos teoranta rialaitheoirí, sa chás gur gá dóibh tabhairt faoi phróiseáil sonraí pearsanta mar chúram ar mhaithe le leas an phobail, nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir.

Déantar soiléir sa GDPR, ag deireadh Airteagal 6(1), nach féidir le **húdaráis phoiblí brath ar bhunús dlí 'leasanna dlisteanacha'** le húdar maith a bheith le próiseáil sonraí pearsanta agus a dtugann siad fúthu agus iad ag feidhmiú a gcuid dualgas. San am a caitheadh, d'fhéadfadh sé gur tugadh faoi roinnt den chineál seo próiseála ar bhonn leasanna dlisteanacha, ach ní mór d'údaráis áitiúla breithniú a dhéanamh anois cibé ar cúram a fheidhmiú ar mhaithe le leas an phobail nó feidhmiú údarás oifigiúil an bunús dlí is cuí.

Leagtar amach in Airteagal 6(3) den GDPR freisin sa chás go mbíonn próiseáil bunaithe ar an mbunús dlí seo, nach mór go mbeidh sé bunaithe ar **dhlí AE nó ar an dlí náisiúnta**, atá ag comhlíonadh cuspóir nó leas an phobail agus atá **comhréireach agus dlisteanach** maidir leis an aidhm atá á saothrú. Dá bhrí sin, féadfaidh rialaitheoirí brath ar an mbunús dlí seo más gá dóibh sonra pearsanta a phróiseáil i bhfeidhmiú **údarás oifigiúil** nó (a chlúdaíonn feidhmeanna agus cumhachtaí poiblí mar a leagtar síos sa dlí) nó chun **cúram sonrach** a fheidhmiú ar mhaithe le **leas an phobail** (mar a leagtar síos sa dlí).

Baineann an bunús dlí seo **den chuid is mó le húdaráis phoiblí**, ach d'fhéadfadh rialaitheoir ar bith brath air freisin ar bhealach éigin ina bhfeidhmítear údarás oifigiúil nó a dtugtar faoi chúram ar mhaithe le leas an phobail. **Ní gá go mbeadh cumhacht dlíthiúil sonrach** ann le sonraí pearsanta a phróiseáil a luaitear leis an rialaitheoir sin, ach ní mór go mbeidh bunús soiléir lena mbunchúram, feidhm nó cumhacht sa **dlí AE nó sa dlí náisiúnta, lena n-áirítear sa dlí coiteann**. Déantar soiléir i Réamhaithris 41 den GDPR gur chóir go mbeadh an dlí atá mar bhunús le cúram, feidhm nó cumhacht soiléir agus beacht agus nach mór go mbeidh a fheidhmiú **intuartha** dóibh siúd a bhfuil aige tionchar orthu, de réir cásdlí an CJEU agus an ECtHR.

Mar a luaitear i Réamhaithris 45 den GDPR, d'fhéadfadh dlí áirithe a bheith leordhóthanach chun bunúis le hoibríochtaí próiseála éagsúla a chomhlíonadh sa chás go mbíonn an phróiseáil riachtanach chun cúram a fheidhmiú ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarás oifigiúil. Tugtar ar aird sa GDPR freisin gur suas do **dhlí an AE nó don dlí Náisiúnta cinneadh a dhéanamh maidir le críocha na próiseála** i gcásanna den sórt seo.

Ní mór do rialaitheoirí an pointe gaolmhar a thabhairt ar aird freisin nach féidir sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a phróiseáil, de bhun ceann de na bunúis dlí in Airteagal 6(1) den GDPR ach amháin faoi rialú údarás oifigiúil a sholáthraíonn na cosaintí cuí do nó nuair atá an phróiseáil údaraithe le dlí AE nó leis an dlí náisiúnta, a sholáthraíonn na cosaintí cuí do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí. Coimeádfar aon **chlár** cuimsitheach maidir le **ciontuithe coiriúla** faoi **rialú údarás oifigiúil agus sin amháin**.

## Cén Cineál Cúraimí a Fheidhmítear ar mhaithe le Leas an Phobail?

Tá samplaí tugtha de na réimsí ina bhféadfaí tabhairt faoi chúram ar mhaithe le leas an phobail i Réamhaithris 45 den GDPR, lena n-áirítear, **críocha sláinte** ar nós **sláinte phoiblí** agus **cosaint shóisialta** agus bainistíocht **seirbhísí cúraim sláinte.** Tugtar ar aird i Réamhaithris 55 den GDPR gur féidir an phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann údaráis oifigiúla chun críocha **aidhmeanna comhlachais reiligiúnacha atá aitheanta go hoifigiúil a bhaint amach,** mar a leagtar síos sa dlí bunreachtúil nó sa dlí poiblí idirnáisiúnta, a bhreithniú a bheith á déanamh ar bhunús leas an phobail.

Tá tuilleadh mionsonraí tugtha in Alt 38 d'Acht 2018 maidir le próiseáil a dhéantar mar chúram ar mhaithe le leas an phobail nó d'fheidhmiú údarás oifigiúil i ndlí na hÉireann. Luaitear ann go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta dleathach sa mhéid go bhfuil próiseáil den sórt sin **riachtanach agus comhréireach** maidir le (a) comhlíonadh feidhm rialaitheora **atá dílsithe ag nó faoi achtachán nó tríd an mBunreacht**, nó (b) **riaradh scéime neamhreachtúil,** clár nó cistí ag nó thar ceann rialaitheora, ar bhunús dlí do riarachán den sórt sin feidhm an rialaitheora atá dílsithe ag nó faoi achtachán nó tríd an mBunreacht. Tá mionsonraí in Alt 38 freisin ar phróiseáil do chríocha an Chomhlimistéir Taistil a chaomhnú agus rialacha conas rialacháin aireachta a dhéanamh chun soláthar a dhéanamh do mhionsonraí breise maidir le cúraimí a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail.

Leagtar tuilleadh rialacha amach in Alt 42 d'Acht 2018 maidir le próiseáil sonraí pearsanta do chríocha **cartlannaithe** ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha **taighde eolaíoch nó stairiúil** nó chun críocha **staidrimh** de réir Airteagal 89 den GDPR. Tugtar ar aird ann freisin sa chás gur féidir na críocha sin a chomhlíonadh trí phróiseáil nach gceadaítear léi aitheantas na n-ábhar sonraí a chur in iúl nó nach gceadaítear sin a thuilleadh, is ar an mbealach sin a chomhlíonfar na críocha sin.

Chomh maith leis sin, tugtar le fios i Réamhaithris 56 den GDPR sa chás go n-éilíonn oibriú córas daonlathach an Stáit, le linn **gníomhaíochtaí toghchánaíochta**, ar pháirtithe polaitiúla sonraí pearsanta tuairimí polaitiúla daoine a chur le chéile, is féidir próiseáil sonraí den sórt sin a cheadú ar chúiseanna leas an phobail. Mar sin féin, níl feidhm leis seo ach amháin ar an gcoinníoll go bhfuil na cosaintí cuí ann chun cearta na n-ábhar sonraí a chosaint. Athdhearbhaítear in Alt 48 d'Acht 2018, go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta a nochtann tuairimí polaitiúla do ghníomhaíochtaí toghcháin agus d'fheidhmeanna an Choimisiúin Reifrinn dleathach.

Ní mór do rialaitheoirí breithniú a dhéanamh freisin cibé an bhfuil an bunús dlí seo cuí i gcásanna ina mbíonn próiseáil riachtanach chun **críocha daonnúla**, lena n-áirítear, monatóireacht a dhéanamh ar eipidéim agus ar an mbealach a scaipeann eipidéim nó i gcásanna éigeandála daonnúla, go háirithe i gcásanna tubaiste nádúrtha nó tubaiste a bhfuil an duine mar chúis léi, mar a leagtar amach i Réamhaithris 46 den GDPR (ina dtugtar ar aird freisin go bhféadfadh leasanna ríthábhachtacha a bheith mar bhunús dlí a bheadh cuí i gcásanna den sórt sin).

## Riachtanas, Comhréireacht agus Íoslaghdú

Ní mór do rialaitheoirí atá ag brath ar an mbunús dlí seo a chinntiú go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta an ábhair sonraí ***riachtanach*** i ndáiríre **chun tabhairt faoi chúram ar mhaithe le leas an phobail nó d'fheidhmiú údarás oifigiúil**. Mar atá an cás le bunúis dlí eile lena bhfuil baint ag coincheap an riachtanais, tá a méid maidir le cad go díreach atá 'riachtanach' chun tabhairt faoi chúram ar mhaithe le leas an phobail nó d'fheidhmiú údarás oifigiúil ag brath ar deireadh thiar ar **imthosca gach aon chás.**

Ionas go mbeidh próiseáil riachtanach chun tabhairt faoi chúram ar mhaithe le leas an phobail nó d'fheidhmiú údarás oifigiúil, ní mór gur **bealach spriocdhírithe, réasúnach agus comhréireach** a bheidh ann lena dhéanamh. Má tá ar chumas rialaitheora na críocha seo a bhaint amach ar bhealach eile nach bhfuil chomh hionsáite, ní dócha gur chóir dóibh sonraí pearsanta a phróiseáil faoin mbunús dlí seo, ag teacht le prionsabal an **íoslaghdaithe sonraí**.

Go háirithe, mar go bhfuil rochtain ag údaráis phoiblí ar lear an-mhór sonraí pearsanta, tá sé ríthábhachtach go gcinntíonn siad go bhfuil **cineál agus méid araon na sonraí pearsanta** atá á bpróiseáil, **leordhóthanach, ábhartha agus teoranta** don mhéid is gá leis an gcríoch luaite a bhaint amach.

## Cé acu Rialaitheoirí atá in ann Brath ar an mBunús seo?

Tugann Réamhaithris 45 den GDPR léargas ar an gceist maidir le cé na catagóirí rialaitheoirí a d'fhéadfadh brath ar an mbunús dlí seo agus cé na himthosca a bhféadfadh siad a leithéid sin a dhéanamh. Tugtar ar aird ann go mbaineann sé go príomha le dlí sonrach AE nó leis an dlí náisiúnta cinneadh a dhéanamh cén sórt rialaitheoir a d'fhéadfadh tabhairt faoin gcúram seo ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarás oifigiúil.

Go coitianta, is dóigh gur **údarás poiblí** nó duine nádúrtha nó duine dlíthiúil eile atá faoi rialú ag an **dlí poiblí** atá sa rialaitheoir, ach d'fhéadfadh sé go n-áireodh seo freisin, sa chás gur ar mhaithe le leas an phobail a leithéid a dhéanamh, rialaitheoirí atá á rialú ag dlí príobháideach, ar nós **cumainn ghairmiúla**.

Mar a thugtar ar aird thuas, is dóigh go mbeidh **údaráis phoiblí** ag brath freisin ar an mbunús dlí seo do go leor oibríochtaí próiseála, mar go bhfuil **cosc go sainráite** orthu brath ar bhunús 'leasanna dlisteanacha' faoi Airteagal 6(1) den GDPR do phróiseáil '**i bhfeidhmiú a gcuid cúraimí'** agus ní bheidh toiliú mar bhunús dlí cuí d'oibríochtaí próiseála sa chás nach mbíonn aon rogha i ndáiríre ag an ábhar sonraí toiliú a thabhairt faoi shaoirse (agus d'fhéadfadh sé gur mar seo a bheadh an cás go minic mar gheall ar neamhchothroime cumhachta idir na daoine is ábhar do na sonraí agus údaráis phoiblí).

Mar a phléitear thíos faoi 'leasanna dlisteanacha', fágann sé seo an fhéidearthacht oscailte d'údaráis phoiblí chun brath ar leasanna dlisteanacha mar bhunús dlí ar mhaithe le cúis seachas a gcuid cúraimí a fheidhmiú mar údarás poiblí. Is é seasamh an DPC go mbaineann feidhmiú cúraimí comhlacht poiblí le cúraimí substainteacha comhlacht poiblí agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh críocha tánaisteacha ar nós trédhearcacht, bainistiú oifige nó cuntasacht airgeadais, a bheith cuí chun tabhairt fúthu ar bhunús leasanna dlisteanacha sna comhthéacsanna seo.

# Leasanna Dlisteanacha

> **"is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe más leanbh é an t-ábhar sonraí"**
>
> **Airteagal 6(1)(f) den GDPR**

Is ionann leasanna dlisteanacha agus bunús dlí atá **ilghnéitheach agus solúbtha** chun sonraí pearsanta a phróiseáil, a bhféadfadh feidhm a bheith leo in imthosca nach n-oireann na hoibríochtaí próiseála nach dtéann go néata isteach in aon bhunús dlí eile; mar sin féin, tá **oibleagáidí níos géire** ó thaobh rialaitheoirí i gceist leis freisin maidir le cothromú a dhéanamh ar na leasanna dlisteanacha a theastaíonn uathu a shaothrú agus **cearta agus leasanna an ábhair sonraí**.

Ní mór do rialaitheoirí atá i mbun measúnaithe cibé ar chóir dóibh sonraí a phróiseáil faoi bhunús dlí leas dlisteanach, breithniú a dhéanamh ar na trí ghné is gá don bhunús dlí seo:

a) leas dlisteanach a aithint atá á shaothrú acu féin nó ag tríú páirtí;

b) léiriú a thabhairt go bhfuil próiseáil na sonraí pearsanta an ábhair sonraí riachtanach le **leas dlisteanach a bhaint amach**; agus

c) an leas dlisteanach a **chothromú** in aghaidh leasanna, **cearta** agus saoirsí **an ábhair** sonraí.

Dá réir sin, is dóigh go mbeidh leasanna dlisteanacha mar bhunús dlí cuí i gcásanna ina ndéanann rialaitheoir próiseáil ar shonraí pearsanta an ábhair sonraí ar bhealach a mbeadh siad ag **súil go réasúnach** leis agus a mbeadh an tionchar is lú aige ar a bpríobháideachas, de bhun nádúr na próiseála nó na cosaintí a thugtar isteach. Sa chás go mbeadh níos mó ná íostionchar i gceist leis seo ó thaobh cearta príobháideachais an ábhair sonraí, nó do chearta, saoirsí nó leasanna eile, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé indéanta go fóill brath ar an mbunús dlí seo, ach ní mór go mbeidh údar maith leis an leas dlisteanach atá á shaothrú ag an rialaitheoir go mór mór ó thaobh na próiseála

I go leor bealaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó breithnithe i gceist le bunús dlí 'leasanna dlisteanacha' mar bhunús dlí féideartha do rialaitheoirí, mar go gcuireann sé, i go leor cásanna, **solúbthacht** ar fáil do rialaitheoirí sonraí agus éilíonn sé orthu freisin **leasanna agus cearta** an ábhair sonraí a bhreithniú go sonrach agus a chinntiú go mbíonn na cosaintí cuí i bhfeidhm.

Cuirtear **srian** go sonrach **ar údaráis phoiblí** le hAirteagal 6(1) den GDPR ó bhrath ar bhunús dlí leasanna dlisteanacha má tá sonraí pearsanta á bpróiseáil acu 'a**gus iad ag feidhmiú a gcuid cúraimí'**. Mar sin féin, ní fhágann sé seo an doras oscailte don fhéidearthacht gur féidir le húdaráis phoiblí brath ar an mbunús dlí seo do chúis dhlisteanach seachas a gcuid cúraimí a fheidhmiú mar údarás poiblí. Is é seasamh an DPC go mbaineann feidhmiú cúraimí comhlachta poiblí le cúraimí substainteacha comhlachta poiblí (m.sh. a bhaineann leis an gcríoch ar bunaíodh an comhlacht poiblí). Dá réir sin, d'fhéadfadh críocha tánaisteacha, a eascraíonn, mar shampla, ó stádas an chomhlachta poiblí, ar nós trédhearcacht, bainistiú oifige nó cuntasacht airgeadais, a bheith cuí chun tabhairt faoi bhunús leasanna dlisteanacha sna comhthéacsanna seo.

## Cé na Cineálacha Leasanna Dlisteanacha atá Clúdaithe?

Mar a leagtar amach in Airteagal 6(1)(f) den GDPR, d'fhéadfadh na leasanna dlisteanacha atá mar bhunús leis an mbrath ar an mbunús dlí seo a bheith mar *leasanna an rialaitheora* féin nó **leasanna tríú páirtithe.** D'fhéadfadh sé go n-áireodh cineálacha leasanna dlisteanacha, **leasanna tráchtála, leasanna aonair, nó buntáistí sochaíoch níos leithne**. Níl an bunús dlí seo teoranta do chatagóirí nó do chaidreamh sonracha idir rialaitheoirí agus na daoine is ábhar do na sonraí (seachas an teorannú maidir le húdaráis phoiblí agus iad ag feidhmiú a gcuid cúraimí), dá bhrí sin tá sé oscailte do rialaitheoirí breithniú a dhéanamh ar oiriúnacht an bhunúis dlí seo i **raon leathan cásanna**.

D'fhéadfadh leas dlisteanach ábhartha, mar shampla, a bheith i gcásanna éagsúla, sa chás go mbíonn '**caidreamh cuí agus ábhartha'** idir an ábhar sonraí agus an rialaitheoir, mar a thugtar ar aird i Réamhaithris 47 den GDPR. D'fhéadfadh feidhm a bheith leis seo i gcásanna ar nós nuair a bhíonn an t-ábhar sonraí mar chliant nó i seirbhís an rialaitheora. Teastaíonn measúnú cúramach ó leas dlisteanach atá ann, lena n-áirítear, go háirithe, cibé a bhféadfadh an t-ábhar sonraí '**a bheith ag súil go réasúnach'** ag an am agus i gcomhthéacs an bhailiúcháin sonraí pearsanta a bhféadfadh próiseáil chun na críche sin tarlú.

Tugtar samplaí níos daingne sa GDPR, ag Réamhaithris 47, maidir leis na cineálacha leasanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist le leasanna dlisteanacha chun na críche seo, ag tabhairt ar aird go bhféadfadh sé go gciallódh próiseáil sonraí pearsanta lena mbaineann dianghá chun críocha calaois a chosc a leithéid sin, agus fiú d'fhéadfaí féachaint ar phróiseáil sonraí pearsanta chun críocha **margaíochta dírí** mar phróiseáil a dhéantar do leas dlisteanach.[13] Sa dá chás, go háirithe sa cheann deireanach, ní mór do rialaitheoirí measúnú cúramach a dhéanamh i gcónaí cibé a gciallaíonn críocha na próiseála atá ar intinn acu leas dlisteanach i ndáiríre, chomh maith le cothromú a dhéanamh ar seo in aghaidh leasanna an duine is ábhar do na sonraí, mar a bhfuil plé níos mionsonraithe déanta air thíos. Tugtar ar aird i Réamhaithris 47 freisin go bhféadfadh leas dlisteanach a bheith ann sa chás go mbíonn 'caidreamh ábhartha agus cuí' idir an ábhar sonraí agus an rialaitheoir, ar nós nuair a bhíonn **an t-ábhar sonraí mar chliant nó i seirbhís an rialaitheora**.

Sa bhreis air sin, tugtar le fios i Réamhaithris 48 den GDPR go bhfuil *"rialaitheoir/rialaitheoirí ar cuid de ghrúpa gnóthas nó institiúidí atá cleamhnaithe le comhlacht lárnach iad, leas dlisteanach i sonraí pearsanta a tharchur **laistigh den ghrúpa gnóthas** chun críocha an riaracháin inmheánaigh*", agus d'fheadfadh sé go n-áireodh sé seo sonraí pearsanta cliant nó fostaithe a phróiseáil. Mar sin féin, tugtar ar aird ann nach ndéantar aon difear do na prionsabail ghinearálta a bhaineann le tarchur sonraí pearsanta, laistigh de ghrúpa gnóthas, chuig gnóthas atá lonnaithe i dtríú tír, (lasmuigh den AE/EEA), sa chomhthéacs seo, agus ní mór do rialaitheoirí comhlíontacht iomlán a léiriú i gcónaí le ceanglais aistrithe den sórt seo.

Leagtar amach i Réamhaithris 49 den GDPR freisin go mionsonraithe na cineálacha **breithnithe slándála líonra agus faisnéise** a d'fhéadfadh leas dlisteanach le sonraí pearsanta a phróiseáil a dhéanamh suas, sa mhéid 'go mbíonn dianghá leis agus go mbíonn sé comhréireach' chun na críocha seo. Liostaítear ann mar shamplaí, cumas atá i líonra nó i gcóras faisnéise, ar leibhéal áirithe muiníne, seasamh i gcoinne eachtraí a tharlaíonn de thaisme nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha nó mailíseacha a chuireann isteach ar infhaighteacht, ar bharántúlacht, ar shláine agus ar rúndacht sonraí pearsanta

[13] I go leor cásanna, beidh toiliú ag teastáil do mhargaíocht dhíreach leictreonach, faoi rialachán 13 de I.R. Uimh 336/2011 – Rialachán na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonaí) 2011 ('na Rialacháin Ríomhphríobháideachais'). Mar sin féin, nuair a thagann margaíocht dhíreach lasmuigh de théarmaí Rialacháin Ríomhphríobháideachais ar nós (margaíocht poist) nó sa chás go mbíonn feidhm leis an eisceacht i Rialachán 13(11), d'fhéadfadh leasanna dlisteanacha bunús dlí a sholáthar do phróiseáil den sórt seo.

atá stóráilte nó tarchurtha, agus ar shlándáil na seirbhísí gaolmhara atá á dtairiscint ag na líonraí agus na córais sin – lena n-áirítear, **rochtain neamhúdaraithe** chuig córais a chosc agus le hionsaithe '**diúltaithe seirbhíse' a stopadh.**

## Riachtanas agus Leasanna Dlisteanacha

Nuair a aithnítear leas dlisteanach ní mór go mbeidh ar chumas an rialaitheora a léiriú go bhfuil gá le próiseáil i ndáiríre chun críocha an leasa sin. Éilíonn an tástáil riachtanais ar rialaitheoirí léiriú a thabhairt g**ur bealach réasúnach agus comhréireach** atá sa phróiseáil lena gcuspóir **a bhaint amach**. Sa chás go mbíonn rialaitheoir in ann na leasanna a shaothrú go réasúnach ar **bhealach eile nach bhfuil chomh hionsáite**, ní sholáthróidh leasanna dlisteanacha bunús dlí don phróiseáil.

Dá bhrí sin, nuair atáthar ag measúnú cibé a bhfuil gá leis an bpróiseáil chun críche leas dlisteanach a shaothrú, ní mór do rialaitheoirí a bhreithniú cibé an dtugann an phróiseáil tuilleadh cúnamh i ndáiríre le leas dlisteanach, cibé ar bhealach réasúnach agus comhréireach atá anseo lena dhéanamh, agus cibé an bhfuil aon bhealach eile ann nach bhfuil chomh hionsáite leis an toradh céanna a bhaint amach.

Ag teacht le prionsabal an **íoslaghdaithe sonraí**, fiú sa chás go bhféachann sé go bhfuil an phróiseáil riachtanach, ní mór do rialaitheoirí a chinntiú go bhfuil an méid sonraí atá á bpróiseáil agus méid na próiseála sin ar an íosmhéid is gá chun an cuspóir atá luaite a bhaint amach.

Mar atá an cás le bunúis dlí eile a bhfuil coincheap an riachtanais i gceist leo, beidh an méid a mbeidh 'gá' leis go beacht chun críocha aon leas dlisteanach ag brath ar deireadh thiar ar **imthosca gach aon chás**, agus beidh sé ábhartha freisin chun breithniú a dhéanamh ar leasanna a chothromú, a ndéantar cur síos air thíos.

## An Tástáil maidir le Cothromú

Mar a luaitear thuas, is cuid thábhachtach den bhunús dlí seo nach féidir brath air nuair atá leasanna dlisteanacha á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí seachas i gcás ina mbeidh **sáraíocht ag na leasanna** sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí. Dá réir sin, ní mór do rialaitheoirí thabhairt faoi **fheidhmiú cothromaithe** nuair atáthar ag measúnú cibé ar chóir próiseáil na sonraí pearsanta a dhéanamh faoin mbunús dlí seo. Ní mór go mbreithneofar san fheidhmiú seo, mar a thugtar ar aird i Réamhaithris 47 den GDPR, '**ionchais réasúnacha**' na ndaoine is ábhar do na sonraí i gcomhthéacs a gcaidreamh a leis an rialaitheoir.

Go háirithe, ní mór do rialaitheoirí aird faoi leith a thabhairt agus **cosaint bhreise a chur ar fáil do leasanna nó cearta agus saoirsí bunúsacha** sa chás gur **leanbh** atá san ábhar sonraí, mar a éilítear go sonrach in Airteagal 6(1)(f) féin. Éilítear níos leithne sa GDPR leibhéil níos géire cosanta ó thaobh cearta cosanta sonraí leanaí, ar chóir do rialaitheoirí a thabhairt ar aird nuair atá siad ag cothromú na leasanna seo. Tugtar ar aird i Réamhaithris 38 den GDPR, mar shampla, "*go bhfuil cosaint ar leith dlite do leanaí i dtaca lena sonraí pearsanta toisc go bhféadfar nach bhfuil siad chomh heolach sin ar na rioscaí, na hiarmhairtí agus na coimircí lena mbaineann ná ar a gcearta féin i ndáil lena sonraí pearsanta a phróiseáil*", agus tugtar le fios ann gurbh é seo an cás nuair atá margaíocht nó próifíliú i gceist.

Ba chóir go mbeidh cuid mhór den tástáil chothromaithe a dtugann rialaitheoirí fúithi bunaithe freisin ar **stuaim** agus ar **ionchais an duine is ábhar do na sonraí**: Sa chás nach mbíonn an t-ábhar sonraí ag súil go sonrach leis an gcineál seo próiseála ar a sonraí pearsanta, nó sa chás go ndéanfadh sé díobháil gan

údar dá gcuid leasanna, cearta, nó saoirsí, is dócha go sáróidh a leasanna na leasanna dlisteanach a dteastaíonn ón rialaitheoir brath air.

Ar an gcaoi chéanna, amhail is mó an cur isteach a dhéanann oibríocht próiseála áirithe ar chearta cosanta sonraí duine aonair, amhail is mó an t-údar a bheidh le bunús na próiseála.

Tá gá le tástáil chothromaithe mar nach mbeidh leasanna na rialaitheoirí ag teacht i gcónaí le leasanna an ábhair/na n-ábhar sonraí. Mar sin féin, sa chás go mbíonn coimhlint nó teannas idir na leasanna seo, ní féidir a rá nach dtarlóidh an phróiseáil riamh, ach ní féidir le rialaitheoir na sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin nuair a chuireann a gcuid leasanna **údar maith ar fáil atá soiléir agus comhréireach maidir leis an tionchar** ar an duine aonair.

Dá bhrí sin, sa chás go mbíonn rialaitheoir ag breithniú próiseáil sonraí pearsanta atá bunaithe ar leasanna dlisteanacha, ní mór dóibh **a chinntiú go mbíonn tástáil chothromaithe déanta acu**, agus go bhfuil siad muiníneach nach bhfuil leasanna an ábhair sonraí ag sárú na leasanna dlisteanacha seo agus nach bhfuil na sonraí pearsanta á n-úsáid ach ar bhealaí a bhféadfadh an t-ábhar sonraí a bheith ag súil leis go réasúnach – mura mbíonn cúis atá thar a bheith láidir ann a sháraíonn na húdair imní seo. Sa bhreis air sin, ní mór dóibh a bheith cúramach go háirithe maidir le cosaint leasanna leanaí sa chás go mbíonn sonraí pearsanta á bpróiseáil. Ní mór do rialaitheoirí a chinntiú go bhfuil na cosaintí cuí breithnithe acu le haon tionchar diúltach a laghdú, nuair is féidir.

Áirítear ar thosca nach mór a bhreithniú mar chuid den tástáil chothromaithe, tá **imthosca agus comhthéacs gach aon chás**, go háirithe nádúr na sonraí pearsanta agus na próiseála agus an caidreamh idir an ábhar sonraí agus an rialaitheoir, ach **breithnithe cosanta sonraí freisin** ar nós íoslaghdú sonraí, tréimhsí coinneála, na cosaintí atá i bhfeidhm, cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú, agus meicníochtaí rogha an diúltaithe a bheith ann atá soiléir agus inrochtana.

Ag teacht le **prionsabal na cuntasachta**, atá le fáil in Airteagal 5 den GDPR, ní mór do rialaitheoirí taifead a choinneáil den mheasúnú atá déanta acu chun cinneadh a dhéanamh cibé a sáraíonn leasanna dlisteanacha leasanna, cearta agus saoirsí an ábhair sonraí. Níl aon bhealach socraithe ann lenar féidir leis an rialaitheoir é seo a dhéanamh, ach tá sé tábhachtach go ndéanann siad a réasúnacht a taifeadadh ar shlí éigin, le léiriú a thabhairt gur baineadh úsáid as **próiseas cinnteoireachta cuí** mar údar leis an bpróiseáil, agus gur tógadh **cearta agus saoirsí an ábhair sonraí san áireamh**. Ba chóir breithniú a dhéanamh ar na torthaí seo sa chás go dtagann aon athrú suntasach ar chineál nó ar chomhthéacs oibríochtaí próiseála.

# Tuilleadh Próiseála

Cé go n-éilítear le prionsabal '**an teorannaithe de réir cuspóra**', a leagtar amach in Airteagal 5(1)(b) den GDPR, go mbailítear sonraí pearsanta chun críocha 'sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin', tá cásanna teoranta ann lenar chóir 'tuilleadh próiseála' a dhéanamh ar shonraí pearsanta chun críocha seachas na críocha sin ar chucu a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos a cheadú. Ní féidir é seo a dhéanamh ach amháin i gcás ina bhfuil **an phróiseáil 'ag luí'** leis na críocha ar bailíodh na sonraí pearsanta chucu ar an gcéad dul síos.

Tugtar ar aird fiú in Airteagal 5(1)(b) den GDPR féin, **nach** bhfuil tuilleadh próiseála **ag luí** leis an gcuspóir bunaidh sa chás gur ar mhaithe le "*críocha **cartlannú** a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch agus stairiúil nó chun críocha **staidrimh***", nuair a dhéantar é de réir Airteagal 89(1) den GDPR, ina leagtar amach nach mór go mbeidh **cosaintí** cuí do chearta agus saoirsí an ábhair sonraí i gceist leis, lena n-áirítear, ainm bréige, más cuí.

Tá **tosca áirithe** leagtha amach faoi Airteagal 6(4) den GDPR, nach mór don rialaitheoir a thabhairt san áireamh chun measúnú a dhéanamh cibé a bhfuil cuspóir nua na próiseála ag luí leis an gcuspóir lenar bailíodh na sonraí ar an gcéad dúl síos.

Sa chás nach mbíonn próiseáil den sórt sin bunaithe ar thoiliú nó ar dhlí AE nó ar an dlí náisiúnta a bhaineann le hábhar a shonraítear in Airteagal 23 (srianta a bhaineann le slándáil náisiúnta a chosaint, imscrúduithe coiriúla, srl.), ní mór do rialaitheoirí na tosca seo a leanas a bhreithniú ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh an bhfuil tuilleadh próiseála ag luí leis an gcuspóir bhunaidh:

a) aon **nasc** idir na críocha sin agus críocha an tuillidh próiseála a bheartaítear;

b) an **comhthéacs** inar bailíodh na sonraí pearsanta, go háirithe ionchais réasúnta na n-ábhar sonraí bunaithe ar an **gcaidreamh** atá acu leis an rialaitheoir;

c) **cineál** na sonraí pearsanta, go háirithe cibé ar sonraí catagóire speisialta iad atá **goilliúnach** nó a bhaineann le cionta **coiriúla** nó le cionta;

d) na **hiarmhairtí** ar na n-ábhar sonraí a bheadh ag an tuilleadh próiseála; agus

e) **cosaintí** cuí a bheith ann, lena n-áirítear, criptiú agus ainm bréige.

Mar sin féin, mar atá luaite thuas, sa chás go mbíonn **toiliú** tugtha ag ábhar sonraí **do thuilleadh próiseála** nó sa chás é a bheith bunaithe ar dhlí a chiallaíonn gur beart riachtanach comhréireach atá ann i sochaí dhaonlathach chun cuspóirí tábhachtacha a bhaineann le **leas ginearálta an phobail** a choimirciú go háirithe, ba cheart cead a bheith ag an rialaitheoir na sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh beag beann ar chomhoiriúnacht na gcríoch.

Ar aon chaoi, éilítear fós ar rialaitheoirí a chinntiú go bhfuil tuilleadh próiseála ag comhlíonadh na **rialacha agus na prionsabail** go léir atá leagtha amach sa GDPR, go háirithe faisnéis a sholáthar don ábhar sonraí maidir le cuspóir tuilleadh próiseála agus a gcuid cearta, lena n-áirítear, an ceart le hagóid a dhéanamh.

# Críocha Forfheidhmithe Dlí

Mar a luaitear ón tús, ní thagann próiseáil áirithe sonraí pearsanta faoi théarmaí tagartha an GDPR in aon chor, ach d'fhéadfadh sé a bheith clúdaithe faoin Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí (LED). Déileáiltear san LED le próiseáil sonraí pearsanta atá á dhéanamh ag rialaitheoirí áirithe chun '**críocha forfheidhmiú an dlí**'. Feidhmítear an LED i nDlí na hÉireann trí Acht 2018, go príomha trí 'Cuid 5 – Sonraí Pearsanta a Phróiseáil Chun Críocha Fhorfheidhmiú an Dlí', a chlúdaítear in Achtanna 69-104 den Acht sin.

De réir Alt 71(2) den Acht, tá an phróiseáil **dleathach agus tá bunús dlí** léi faoin LED, sa chás **(a)** go bhfuil próiseáil **'riachtanach d'fheidhmiú** feidhm rialaitheora ar mhaithe le ceann de na críocha a luaitear in Alt 70, agus tá bunús ag an fheidhm sin i nDlí an AE nó i ndlí na hÉireann; nó (b) tá toiliú tugtha i leith na próiseála ag an ábhar sonraí.

Tá **tástáil dhá chéim** i gceist nach mór do rialaitheoirí a chomhlíonadh sula mbíonn ar a gcumas a chinneadh cibé a dtagann an phróiseáil atá i gceist faoi Alt 71(2)(a) den LED; **ar an gcéad dul síos**, ní mór don rialaitheoir sonraí atá freagrach as an bpróiseáil atá i gceist a bheith ina 'údarás inniúil' de réir an tsainmhínithe a thugtar in alt 69 den Acht; **ar an dara dul síos**, ní mór an phróiseáil atá i gceist a bheith 'chun críocha fhorfheidhmiú an dlí', de réir an tsainmhínithe a thugtar in alt 70 den Acht.

Ní mór do rialaitheoirí atá ag próiseáil sonraí pearsanta chun críocha forfheidhmiú an dlí a mheas cibé a dtagann an phróiseáil ina bhfuil siad rannpháirteach laistigh de réimeas dlíthiúil an LED, nach bhfuil feidhm leis ach amháin i gcásanna ina bhfuil **an rialaitheoir mar 'údarás inniúil'** (mar a shainmhínítear in **Alt 69(1)** d'Acht 2018).

Níl sé sin teoranta do phróiseáil ag comhlachtaí a bhféadfaí a mheas de ghnáth gur 'údaráis fhorfheidhmiú an dlí' iad (amhail an Garda Síochána) ach do phróiseáil ar bith chun críocha forfheidhmiú an dlí, a dhéanann comhlacht poiblí nó príobháideach a thagann faoin sainmhíniú ar 'údarás inniúil' (amhail na húdaráis áitiúla agus iad ag ionchúiseamh fíneálacha bruscair, agus Bus Átha Cliath i dtaca le cionta ticéid). Caithfear infheidhmeacht an chórais sin a mheasúnú ar bhonn cáis.

**Sainmhínítear** chun críocha forfheidhmiú an dlí **in alt 70 d'Acht 2018** mar phróiseáil sa chás go ndéantar an phróiseáil sin chun críocha: (i) **cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh,** lena n-áirítear cosaint i gcoinne agus cosc bagairtí ar shlándáil phoiblí; nó (ii) **pionóis choiriúla a fhorghníomhú**.

Níl sé chomh simplí le talamh slán a dhéanamh de go dtagann an phróiseáil go léir atá á déanamh ag údaráis forfheidhmithe dlí faoi réimeas an LED, nó nach mbeidh eintiteas earnála príobháidí faoi réir an LED – sa chás roimhe seo, bhí ar chumas an údaráis forfheidhmithe dlí tabhairt faoi phróiseáil sonraí nach raibh rud ar bith le déanamh aici lena feidhm forfheidhmithe dlí (Ábhair maidir le hAcmhainní Daonna (HR), soláthar srl.), agus sa chás roimhe seo, is féidir gur tugadh údarás poiblí d'eintitis earnála príobháidí nó is féidir go bhfuil siad ag déanamh próiseáil sonraí faoi chonradh le húdarás poiblí, i gcás gur chun críocha fhorfheidhmiú an dlí atá an phróiseáil.